2024/2673

14.10.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/2673 ÓN gCOIMISIÚN

an 11 Deireadh Fómhair 2024

lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí snátha snáithín gloine de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad [1] ('an bun-Rialachán'), agus go háirithe Airteagal 7 de,

Tar éis dul i gcomhairle leis na Ballstáit,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. NÓS IMEACHTA

1.1. Tionscnamh

(1) An 16 Feabhra 2024, thionscain an Coimisiún Eorpach ('an Coimisiún') imscrúdú frithdhumpála i ndáil le hallmhairí snátha snáithín gloine de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ('an tSín' nó an tír lena mbaineann) ar bhonn Airteagal 5 den bhun-Rialachán. D'fhoilsigh sé fógra tionscnaimh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* [2] ('an fógra tionscnaimh').

(2) Thionscain an Coimisiún an t-imscrúdú tar éis gearán a chuir Glass Fibre Europe ('an gearánach') isteach an 3 Eanáir 2024. Rinneadh an gearán thar ceann thionscal snátha snáithín gloine an Aontais de réir bhrí Airteagal 5(4) den bhun-Rialachán. Ba leor an fhianaise sa ghearán maidir le dumpáil agus bagairt díobhála ábhartha do thionscal an Aontais chun údar a thabhairt le tionscnamh an imscrúdaithe.

1.2. Clárú na n-allmhairí

(3) De bhun Airteagal 14(5a) den bhun-Rialachán, ba cheart don Choimisiún allmhairí atá faoi réir imscrúdú frithdhumpála a chlárú le linn na tréimhse réamhnochta ach amháin más leor an fhianaise atá aige de réir bhrí Airteagal 5 nach gcomhlíontar na ceanglais faoi phointe (c) nó (d) d'Airteagal 10(4).

(4) Níor chláraigh an Coimisiún allmhairí le linn na tréimhse réamhnochta toisc nach raibh aon mhéadú ar chainníochtaí allmhairí tar éis an t-imscrúdú a thionscnamh agus dá bhrí sin níor comhlíonadh na coinníollacha in Airteagal 10(4).

1.3. Páirtithe leasmhara

(5) San fhógra tionscnaimh, d'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara dul i dteagmháil leis chun bheith rannpháirteach san imscrúdú. Ina theannta sin, chuir an Coimisiún in iúl go sonrach don ghearánach, do tháirgeoirí aitheanta eile de chuid an Aontais, do na táirgeoirí onnmhairiúcháin aitheanta, d'údaráis na Síne, d'allmhaireoirí, soláthraithe agus úsáideoirí aitheanta agus do thrádálaithe gur tionscnaíodh an t-imscrúdú agus d'iarr sé orthu a bheith rannpháirteach ann.

(6) Bhí deis ag na páirtithe leasmhara a gcuid barúlacha a thabhairt maidir le tionscnamh an imscrúdaithe agus éisteacht a iarraidh leis an gCoimisiún agus/nó leis an Oifigeach Éisteachta i gcomhair imeachtaí trádála.

[1] IO L 176, 30.6.2016, lch. 21. ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/1036/2020-08-11.
[2] Fógra tionscnaimh maidir le himeachtaí frithdhumpála i ndáil le hallmhairí snátha snáithín gloine de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO C, C/2024/1484, 16.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/1484/oj).

1.4. **Sampláil**

(7) San fhógra tionscnaimh, luaigh an Coimisiún go mb'fhéidir go ndéanfadh sé na páirtithe leasmhara a shampláil i gcomhréir le hAirteagal 17 den bhun-Rialachán.

Táirgeoirí an Aontais a shampláil

(8) I nóta a ghabhann leis an gcomhad an 16 Feabhra 2024, luaigh an Coimisiún, bunaithe ar an bhfaisnéis a bhí ar fáil, gurb ionann an dá chuideachta Saint-Gobain Vertex s.r.o agus Valmiera Stikla Skieddra AS agus tionscal an Aontais ina iomláine agus, dá bhrí sin, nach raibh gá le sampláil. D'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara a gcuid barúlacha a thabhairt maidir leis an gcinneadh sealadach sin. Ní bhfuarthas aon bharúil. Dá bhrí sin, dheimhnigh an Coimisiún a chinneadh gan sampláil a dhéanamh sa nóta a ghabhann le comhad an 12 Márta 2024.

Allmhaireoirí a shampláil

(9) Níor tháinig aon allmhaireoir chun cinn chun faisnéis a sholáthar le haghaidh roghnú an tsampla.

Sampláil táirgeoirí onnmhairiúcháin sa tSín

(10) Lena chinneadh an raibh gá le sampláil agus, má bhí, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar tháirgeoirí onnmhairiúcháin uile sa tSín an fhaisnéis a shonraítear san fhógra tionscnaimh a sholáthar. Ina theannta sin, d'iarr an Coimisiún ar Mhisean Dhaon-Phoblacht na Síne chuig an Aontas Eorpach táirgeoirí onnmhairiúcháin eile ar spéis leo a bheith páirteach san imscrúdú a shainaithint, agus/nó teagmháil a dhéanamh leo, dá mba ann dóibh. Sholáthair cúig tháirgeoir onnmhairiúcháin sa tSín an fhaisnéis a iarradh agus thoiligh siad a bheith san áireamh sa sampla.

(11) I gcomhréir le hAirteagal 17(1) den bhun-Rialachán, roghnaigh an Coimisiún sampla de dhá tháirgeoir onnmhairiúcháin, Shandong Fiberglass Group Corp ('Shandong Fiberglass') agus Henan Guangyuan New Material Co. Ltd ('Henan Guangyuan'), ar bhonn an mhéid ionadaíoch is mó d'onnmhairí chuig an Aontas a d'fhéadfaí imscrúdú a dhéanamh air go réasúnta le linn an ama a bhí ar fáil. Bhí [11 -15 %] de mhéid iomlán onnmhairí na Síne chuig an Aontas ag an dá tháirgeoir onnmhairiúcháin le chéile a sampláladh ar dtús.

(12) I gcomhréir le hAirteagal 17(2) den bhun-Rialachán, chuathas i gcomhairle le gach táirgeoir onnmhairiúcháin aitheanta lena mbaineann agus le húdaráis na Síne maidir le roghnú an tsampla.

(13) Mhaígh táirgeoir onnmhairiúcháin amháin, Jiangsu Jiuding Special Fiber Co., Ltd., gur cheart é a bheith san áireamh sa sampla. Ina fhoirm shamplála, áfach, thuairiscigh sé onnmhairí snáitheanna mionghearrtha ar táirge é nach bhfuil sa raon táirge tar éis an sainmhíniú ar an táirge a bheith soiléirithe mar a mhínítear in aithrisí (26) agus (28). Bunaithe ar an méid a bhí fágtha aige d'onnmhairí an táirge lena mbaineann chuig an Aontas, níor cháiligh an táirgeoir onnmhairiúcháin sin le haghaidh an tsampla.

(14) An 26 Márta 2024 (7 lá roimh an sprioc-am chun an freagra ar cheistneoir an táirgeora onnmhairiúcháin a chur isteach), d'fhógair Shandong Fiberglass, an chuideachta sa sampla a raibh na honnmhairí is mó chuig an Aontas aige, nach gcomhoibreodh sé leis an imscrúdú.

(15) Is é a bhí sna trí tháirgeoir onnmhairiúcháin eile a d'fhreagair an fhoirm shamplála san iomlán [2 5,5 %] de mhéid onnmhairí na Síne. Chuir siad in iúl go raibh sé ar intinn acu scrúdú aonair a iarraidh ach níor chuir aon cheann acu freagraí isteach ar cheistneoir an táirgeora onnmhairiúcháin agus dá bhrí sin ní raibh iarraidh bhailí ann. I bhfianaise leibhéal íseal na n-onnmhairí chuig an Aontas ó na táirgeoirí onnmhairiúcháin a sholáthair freagraí samplála, dá gcuirfí aon chuideachta eile leis an sampla, fiú sa chás ina gcuirfí na freagraí ar an gceistneoir frithdhumpála isteach, ní fhágfadh sin go mbeadh sampláil ionadaíoch ann ([3]).

([3]) Sa chás is fearr, chumhdódh sampla nuashonraithe idir 4,5 % agus 9 % d'onnmhairí na Síne.

(16) Ar an iomlán, tá leibhéal an chomhair sa chás seo íseal toisc gurb é atá i gceist le hallmhairí na dtáirgeoirí a thug freagraí ar an gceistneoir samplála, tar éis chinneadh Shandong Fiberglass scor den chomhar, [4,5 % go 9 %] d'onnmhairí iomlána na Síne chuig an Aontas arna sloinneadh mar chion d'iomlán na n-allmhairí ón tír lena mbaineann chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin, a suíodh ar bhonn Eurostat mar a shonraítear in aithris (159).

(17) Mar gheall ar an gcomhar íseal a d'fháig nárbh fhéidir sampla ionadaíoch a roghnú, chinn an Coimisiún éirí as an tsampláil ar fad agus Airteagal 18 a chur i bhfeidhm chun dumpáil a chinneadh, i gcomhréir leis an dara mír d'Airteagal 17(4) den bhun-Rialachán.

(18) An 5 Lúnasa 2024, d'eisigh an Coimisiún nóta a ghabhann leis an gcomhad agus chuir sé údaráis na Síne ar an eolas faoina chinneadh éirí as an tsampláil (féach aithris (17) thuas). Iarradh ar na páirtithe leasmhara a mbarúlacha a thabhairt ach ní bhfuarthas aon bharúil.

1.5. **Scrúdú aonair agus corrlach aonair**

(19) Mar a mhínítear in aithris (15), léirigh trí tháirgeoir onnmhairiúcháin eile de chuid na Síne ina bhfoirmeacha samplála féin go raibh spéis acu i scrúdú aonair faoi Airteagal 17(3) den bhun-Rialachán. Mar sin féin, níor chuir na táirgeoirí onnmhairiúcháin sin iarrataí bailí isteach toisc nár chuir siad freagraí ar an gceistneoir isteach le haghaidh na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin laistigh den sprioc-am a shonraítear san fhógra tionscnaimh. Dá bhrí sin, measann an Coimisiún nach bhfuarthas aon iarraidh ar scrúdú aonair ó na cuideachtaí sin.

(20) Ó tharla gurbh é Henan Guangyuanan t-aon chuideachta ón sampla bunaidh a thug freagra cuí tráthúil ar an gceistneoir a d'fhéadfaí a fhíorú i gcomhréir le hAirteagal 16(1) den bhun-Rialachán, chinn an Coimisiún corrlach aonair a ríomh le haghaidh na cuideachta sin.

1.6. **Freagraí ar an gceistneoir agus cuairteanna fíorúcháin**

(21) Sheol an Coimisiún ceistneoir freisin chuig Rialtas Dhaon-Phoblacht na Síne (Rialtas na Síne) maidir le saobhadh suntasach a bheith sa tSín de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán.

(22) Ar lá an tionscnaimh chuir an Coimisiún ceistneoirí ar fáil ar líne ([4]) do tháirgeoirí an Aontais, do na táirgeoirí onnmhairiúcháin, do na húsáideoirí agus na hallmhaireoirí aitheanta.

(23) Fuair an Coimisiún freagraí ar an gceistneoir ón dá tháirgeoir de chuid an Aontais, ó tháirgeoir onnmhairiúcháin Síneach amháin, ó allmhaireoir neamhchomhlachaithe amháin agus ó thrí úsáideoir. Ní bhfuair an Coimisiún an freagra ar an gceistneoir ó Rialtas na Síne.

(24) Lorg agus d'fhíoraigh an Coimisiún an fhaisnéis uile a measadh ba ghá chun cinneadh sealadach a dhéanamh maidir le dumpáil, an díobháil dá deasca, agus leas an Aontais. Is in áitribh na gcuideachtaí a leanas a rinneadh cuairteanna fíorúcháin de bhun Airteagal 16 den bhun-Rialachán:

Táirgeoirí an Aontais

— Saint-Gobain Adfors s.r.o, Litomysl, an tSeicia ('Saint-Gobain')

— Valmieras Stikla Skiedra AS, Valmier, an Laitvia ('Valmiera')

Táirgeoirí onnmhairiúcháin sa tSín

— Henan Guangyuan New Material Co., Ltd. ('Henan Guangyuan')

1.7. **An tréimhse imscrúdúcháin agus an tréimhse faoi bhreathnú**

(25) Chumhdaigh an t-imscrúdú ar dhumpáil agus ar dhíobháil an tréimhse ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2023 ('an tréimhse imscrúdúcháin'). Chumhdaigh an t-imscrúdú ar threochtaí atá ábhartha maidir leis an measúnú ar dhíobháil an tréimhse ón 1 Eanáir 2020 go dtí deireadh na tréimhse imscrúdúcháin ('an tréimhse faoi bhreathnú').

([4]) https://tron.trade.ec.europa.eu/investigations/case-view?caseId=2715.

2. AN TÁIRGE FAOI IMSCRÚDÚ, AN TÁIRGE LENA mBAINEANN AGUS AN TÁIRGE COMHCHOSÚIL

2.1. An táirge faoi imscrúdú

(26) Is é snáth snáithín gloine atá sa táirge faoi imscrúdú, bíodh sé casta nó ná bíodh, seachas slisní snáithín gloine, cordaí snáithín gloine agus duail mhionghearrtha, atá faoi láthair faoi chóid AC ex 7019 13 00 agus ex 7019 19 00 (Cóid TARIC 7019 13 00 10, 7019 13 00 15, 7019 13 00 20, 7019 13 00 25, 7019 13 00 30, 7019 13 00 50, 7019 13 00 87, 7019 13 00 94, 7019 19 00 30, 7019 19 00 85).

(27) Tá raon leathan úsáidí ag snáth snáithín gloine, mar shampla úsáidtear é i bhfabraicí fite, cniotáilte, bréadaithe nó neamh-rocach, a úsáidtear ansin chun ábhar stroighniúil amhail moirtéal nó roisíní leaistiméire, teirmeaplaisteacha agus teirmithéachta a threisiú i dtionscal na n-ábhar comhchodach. I measc na samplaí úsáide tá gluaisteáin, ceallraí feithiclí leictreacha, trucailí, busanna, traenacha, lanna muilinn gaoithe, aerárthaí, insliú foirgneamh, cosaint deataigh agus dóiteáin, insliú fuaime, scagachán (aeir, miotail, deannaigh agus leachta), insliú leictreach, etc.

(28) An 25 Márta 2024, mar fhreagairt ar fhiosrúchán ó tháirgeoir onnmhairiúcháin Síneach, d'eisigh an Coimisiún nóta a ghabhann leis an gcomhad lena soiléiríodh an sainiú táirge. Soiléiríodh sa nóta gur áiríodh snáth leanúnach ardsilice sa sainiú ar an táirge faoi imscrúdú ach gur eisiadh duail mhionghearrtha, gan beann ar an gcineál gloine agus gan beann ar an bhfad, ón sainiú ar an táirge faoi imscrúdú. Iarradh ar na páirtithe leasmhara a mbarúlacha a thabhairt ach ní bhfuarthas aon bharúil.

2.2. An táirge lena mbaineann

(29) Is é an táirge lena mbaineann an táirge faoi imscrúdú de thionscnamh na Síne.

2.3. An táirge comhchosúil

(30) Léirigh an t-imscrúdú gurb ionann na saintréithe bunúsacha fisiceacha, ceimiceacha agus teicniúla mar aon leis na húsáidí bunúsacha céanna atá ag na táirgí seo a leanas:

— an táirge lena mbaineann nuair a onnmhairítear chuig an Aontas é;

— an táirge faoi imscrúdú arna tháirgeadh agus arna dhíol ar mhargadh intíre na Síne; agus

— an táirge faoi imscrúdú arna tháirgeadh agus arna dhíol san Aontas ag tionscal an Aontais.

(31) Chinn an Coimisiún ag an gcéim sin gur táirgí comhchosúla iad na táirgí sin de réir bhrí Airteagal 1(4) den bhun-Rialachán.

3. DUMPÁIL

3.1. Nós imeachta chun an gnáthluach a chinneadh faoi Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán

(32) Ó tharla gur leor an fhianaise a bhí ar fáil ag tús an imscrúdaithe a thug le fios gur ann do shaobhadh suntasach de réir bhrí phointe (b) d'Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán maidir leis an tSín, mheas an Coimisiún gurbh iomchuí tús a chur leis an imscrúdú i ndáil leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin ón tír sin, ag féachaint d'Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán.

(33) Dá thoradh sin, chun na sonraí is gá a bhailiú chun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm amach anseo, d'iarr an Coimisiún, san fhógra tionscnaimh, ar gach táirgeoir onnmhairiúcháin sa tSín faisnéis a sholáthar maidir leis na hionchuir a úsáidtear chun snáth snáithín gloine a tháirgeadh. Chuir dhá tháirgeoir onnmhairiúcháin (Jiangsu Jiuding Special Fiber Co., Ltd agus Chongqing Tianze New Material Corp) an fhaisnéis ábhartha isteach.

(34) Chun faisnéis a fháil a mheas sé a bheith riachtanach dá imscrúdú maidir leis an saobhadh suntasach a líomhnaíodh, sheol an Coimisiún ceistneoir chuig Rialtas na Síne. Ina theannta sin, i bpointe 5.3.2 den fhógra tionscnaimh, d'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara uile a gcuid tuairimí a chur in iúl, faisnéis a chur isteach agus fianaise thacaíochta a chur ar fáil maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán laistigh de 37 lá tar éis dháta fhoilsithe an fhógra tionscnaimh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

(35) Ní bhfuarthas aon fhreagra ar an gceistneoir ó Rialtas na Síne agus ní bhfuarthas aon aighneacht ó Rialtas na Síne maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán laistigh den sprioc-am. Ina dhiaidh sin, chuir an Coimisiún in iúl do Rialtas na Síne go n-úsáidfeadh sé na fíorais a bhí ar fáil de réir bhrí Airteagal 18 den bhun-Rialachán chun a chinneadh an ann do shaobhadh suntasach sa tSín.

(36) San fhógra tionscnaimh, shonraigh an Coimisiún freisin, mar gheall ar an bhfianaise a bhí ar fáil, go bhféadfadh sé gur ghá dó tír ionadaíoch iomchuí a roghnú de bhun Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, chun an gnáthluach a chinneadh ar bhonn praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa.

(37) An 19 Aibreán 2024, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara ar an eolas le nóta ('an chéad nóta') maidir leis na foinsí ábhartha a bhí beartaithe aige a úsáid chun an gnáthluach a chinneadh. Sa nóta sin, chuir an Coimisiún liosta ar fáil de na tosca táirgeachta uile amhail amhábhair, saothar agus fuinneamh a úsáidtear chun snáth snáithín gloine a tháirgeadh. Ina theannta sin, ar bhonn na gcritéar a threoraíonn rogha na bpraghsanna nó na dtagarmharcanna neamhshaofa, shainaithin an Coimisiún an Bhrasaíl, an Mhalaeisia, Meicsiceo, an Téalainn agus an Tuirc mar na tíortha ionadaíocha iomchuí a d'fhéadfadh a bheith ann.

(38) Fuair an Coimisiún barúlacha maidir leis an gcéad nóta ón ngearánach agus ó Henan Guangyuan. Tugtar aghaidh ar na barúlacha sin i roinn *3.2*.

(39) An 27 Meitheamh 2024, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara ar an eolas leis an dara nóta ('an dara nóta') maidir leis na foinsí ábhartha a bhí beartaithe aige a úsáid chun an gnáthluach a chinneadh agus an Tuirc mar thír ionadaíoch. Chuir sé in iúl do pháirtithe leasmhara freisin go suífeadh sé costais díola, riaracháin agus ghinearálta ('costais SGA') agus brabúis bunaithe ar shonraí airgeadais 2023 a bhí ar fáil do ghrúpa na Tuirce, Türkiye Şişe ve Cam Fabrikaları A.Ş ('grúpa Sisecam'), táirgeoir snátha snáithín gloine sa tír ionadaíoch.

(40) Fuair an Coimisiún barúlacha maidir leis an dara nóta ón ngearánach. Tugtar aghaidh ar na barúlacha sin go mion i roinn *3.2*.

(41) Tar éis dó anailís a dhéanamh ar na barúlacha agus ar an bhfaisnéis a fuarthas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur tír ionadaíoch iomchuí í an Tuirc óna bhféadfaí praghsanna agus costais neamhshaofa a fháil chun an gnáthluach a chinneadh. Sonraítear na bunchúiseanna leis an rogha sin ar bhonn níos mionsonraithe i Roinn 3.2.2 thíos.

3.2. **An Gnáthluach**

(42) I gcomhréir le hAirteagal 2(1) den bhun-Rialachán, '[b]eidh an gnáthluach bunaithe ar an bpraghas a íocadh nó atá le híoc de ghnáth, i ngnáthchúrsa trádála, ag custaiméirí neamhspleácha sa tír is onnmhaireoir'.

(43) Mar sin féin, de réir Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, 'más rud é go gcinntear […]nach iomchuí praghsanna agus costais intíre a úsáid sa tír is onnmhaireoir toisc gur ann do shaobhadh suntasach sa tír sin de réir bhrí pointe (b), ríomhfar an gnáthluach go heisiach ar bhonn costais táirgthe agus díola a léiríonn praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa' agus '[á]ireofar sa ghnáthluach ríofa méid neamhshaofa agus réasúnach le haghaidh costais riaracháin, díola agus ghinearálta agus le haghaidh na mbrabús' ('costais SGA' a thugtar anseo feasta ar 'costais riaracháin, díola agus ghinearálta').

Mar a mhínítear thíos freisin, ba é conclúid an Choimisiúin san imscrúdú seo, bunaithe ar an bhfianaise a bhí ar fáil agus ag féachaint don easpa comhoibriú ó Rialtas na Síne agus don leibhéal íseal comhair ó na táirgeoirí onnmhairiúcháin, gurbh iomchuí Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm.

3.2.1. *Saobhadh suntasach a bheith ann*

(44) Sna himscrúduithe a rinne an Coimisiún le déanaí maidir leis an earnáil snáithín gloine sa tSín ([5]), shuigh sé gur ann do shaobhadh suntasach de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán.

(45) Sna himscrúduithe sin, shuigh an Coimisiún gur ann d'idirghabháil shubstaintiúil ón rialtas sa tSín, as ar eascair saobhadh ar leithdháileadh éifeachtach acmhainní i gcomhréir le prionsabail an mhargaidh ([6]). Go háirithe, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid maidir leis an earnáil snáithín gloine, ní hamháin go bhfuil cuid mhór úinéireachta ag Rialtas na Síne uirthi de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán ([7]) ach ina theannta sin go bhfuil Rialtas na Síne in ann cur isteach ar phraghsanna agus ar chostais trí láithreacht an stáit i ngnólachtaí de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an dara fleasc den bhun-Rialachán ([8]). Rinne an Coimisiún amach thairis sin go bhfuil éifeachtaí saofa breise ar an margadh ag láithreacht an stáit agus ag idirghabháil an stáit sna margaí airgeadais agus i soláthar amhábhar agus ionchur freisin. Go deimhin, ar an iomlán, de bharr an chórais pleanála sa tSín, déantar acmhainní a chomhchruinniú in earnálacha arna n-ainmniú ag Rialtas na Síne mar earnálacha straitéiseacha nó earnálacha atá tábhachtach go polaitiúil ar shlí eile, seachas iad a bheith á leithdháileadh i gcomhréir le fórsaí an mhargaidh ([9]). Ina theannta sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach bhfuil dlíthe féimheachta agus maoine na Síne ag obair i gceart de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an ceathrú fleasc den bhun-Rialachán, rud a chruthaíonn saobhadh go háirithe nuair a bhíonn gnólachtaí dócmhainneacha á gcoimeád i mbun gnó agus nuair a bhíonn cearta úsáide talún á leithdháileadh sa tSín ([10]). Ar an gcaoi chéanna, shuigh an Coimisiún gur ann do shaobhadh maidir le costais phá san earnáil snáithín gloine, de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an cúigiú fleasc den bhun-Rialachán ([11]), mar aon le saobhadh sna margaí airgeadais de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an séú fleasc den bhun-Rialachán, go háirithe maidir le rochtain ar chaipiteal do ghníomhaithe corparáideacha sa tSín ([12]).

([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/492 ón gCoimisiún an 1 Aibreán 2020 lena bhforchuirtear dleachtanna frithdhumpála cinntitheacha ar allmhairí fabraicí snáithíní gloine fite agus/nó fuaite áirithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus na hÉigipte, (IO L 108, 6.4.2020, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2020/492/oj); Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1452 ón gCoimisiún an 13 Iúil 2023 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí táirgí áirithe de shnáithín gloine filiméadach leanúnach de thionscnamh Dhaon – Phoblacht na Síne tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, (IO L 179, 14.7.2023, lch. 57, ELI:http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/1452/oj); Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/357 ón gCoimisiún an 23 Eanáir 2024 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí fabraicí mogaill oscailte áirithe as snáithíní gloine de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne arna leathnú chun allmhairí arna gcur chun bealaigh ón India, ón Indinéis, ón Malaeisia, ón Téaváin agus ón Téalainn a chumhdach tar éis athbhreithniú éaga a dhéanamh de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, (IO L, 2024/357, 24.1.2024, ELI:http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/357/oj).

([6]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/492, aithrisí (161) go (162) agus (167); Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1452, aithris (68); Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/357, aithrisí (139) go (140).

([7]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/492, aithrisí (116) go (119); Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1452 ón gCoimisiún, aithrisí (53) go (55); Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/357 ón gCoimisiún, aithrisí (76) go (81).

([8]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/492, aithrisí (120) go (122); Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1452, aithrisí (56) go (59); Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/357, aithrisí (82) agus (88). Cé go bhféadfaí a mheas gur léiriú ar na cearta úinéireachta comhfhreagracha é an ceart atá ag na húdaráis ábhartha Stáit príomhphearsanra bainistíochta i bhfiontair faoi úinéireacht stáit a cheapadh agus a chur as a bpost, dá bhforáiltear i reachtaíocht na Síne, léiríonn cealla de Pháirtí Cumannach na Síne i bhfiontair, idir fhiontair faoi úinéireacht stáit agus fhiontair faoi úinéireacht phríobháideach, modh tábhachtach eile trínar féidir leis an Stát cur isteach ar chinntí gnó. De réir dhlí cuideachta na Síne, tá eagraíocht de Pháirtí Cumannach na Síne (PCS) le bunú i ngach cuideachta (le triúr comhaltaí PCS ar a laghad mar a shonraítear i mBunreacht PCS) agus cuirfidh an chuideachta na coinníollacha is gá ar fáil le haghaidh gníomhaíochtaí eagraíocht an pháirtí. Ní léir gur leanadh an ceanglas sin i gcónaí roimhe seo nó gur forfheidhmíodh go docht é. Mar sin féin, ó 2016 ar a laghad threisigh PCS a chuid maíomh chun cinntí gnó a rialú i bhfiontair faoi úinéireacht stáit mar phrionsabal polaitiúil. Tuairiscítear freisin go bhfuil brú á chur ag PCS ar chuideachtaí príobháideacha tús áite a thabhairt don 'tírghrá' agus disciplín an pháirtí a chomhlíonadh. In 2017, tuairiscíodh go raibh cealla den pháirtí in 70 % den 1,86 milliún cuideachta atá faoi úinéireacht phríobháideach, agus brú méadaitheach ann go mbeadh an focal deiridh ag eagraíochtaí PCS i ndáil leis na cinntí gnó laistigh dá gcuideachtaí faoi seach. Cuirtear na rialacha sin i bhfeidhm go ginearálta ar fud gheilleagar na Síne, i ngach earnáil, lena n-áirítear táirgeoirí snátha snáithín gloine agus soláthróirí a gcuid ionchur.

([9]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/492, aithrisí (123) go (138); Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1452, aithrisí (60) agus (61); Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/357, aithrisí (89) agus (109).

([10]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/492, aithrisí (139) go (142); Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1452, aithris (62); Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/357, aithrisí (110) agus (115).

([11]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/492, aithrisí (143) go (145); Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1452, aithris (63); Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/357, aithrisí (116) agus (118).

([12]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/492, aithrisí (146) go (155); Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1452 ón gCoimisiún, aithris (64); Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/357, aithrisí (119) agus (133).

(46) Mar a rinne sé ina imscrúdú roimhe seo maidir leis an earnáil snáithín gloine sa tSín, d'fhéach an Coimisiún san imscrúdú reatha lena fháil amach cé acu a bhí nó nach raibh sé iomchuí praghsanna agus costais intíre a úsáid sa tSín, i bhfianaise saobhadh suntasach a bheith ann de réir bhrí phointe (b) d'Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán. Rinne an Coimisiún amhlaidh ar bhonn na fianaise a bhí ar fáil sa chomhad, lena n-áirítear an fhianaise a bhí san iarraidh, mar aon leis an Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin maidir le Saobhadh Suntasach i nGeilleagar Dhaon-Phoblacht na Síne chun críoch Imscrúduithe Cosanta Trádála ('Tuarascáil' ([13]), a bhraitheann ar fhoinsí atá ar fáil go poiblí agus atá curtha ar an gcomhad ag an gCoimisiún. Cumhdaíodh san anailís sin an scrúdú a rinneadh ar na hidirghabhálacha substaintiúla ón rialtas i ngeilleagar na Síne go ginearálta, ach cumhdaíodh inti freisin an staid shonrach margaidh san earnáil ábhartha lena n-áirítear an táirge faoi imscrúdú. Rinne an Coimisiún na heilimintí fianaiseacha sin a fhorlíonadh a thuilleadh lena thaighde féin ar na critéir éagsúla atá ábhartha chun a dheimhniú gur ann do shaobhadh suntasach sa tSín, rud a fuarthas freisin in imscrúduithe a rinne sé ina leith sin roimhe seo.

(47) D'áitigh an gearánach go bhfuil neart fianaise láidir *prima facie* ann go bhfuil tionscal snátha snáithín gloine na Síne faoi réir idirghabhálacha ó Rialtas na Síne as ar eascair saobhadh suntasach san earnáil, rud a thugann údar leis an ngnáthluach a shuí de réir Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán.

(48) Chun tacú lena sheasamh, leag an gearánach béim ar na gnéithe thíos a mbíonn saobhadh suntasach ar an earnáil snátha snáithín gloine sa tSín mar thoradh orthu.

(49) Ar an gcéad dul síos, tá úinéireacht, rialú nó maoirseacht bheartais an Stáit forleathan san earnáil:

— tá ardleibhéal úinéireachta Stáit mar shaintréith den tionscal snátha snáithín gloine, agus tá roinnt táirgeoirí snátha Síneacha ina gcuideachtaí faoi úinéireacht stáit nó ina gcuid d'ilchuideachtaí faoi úinéireacht stáit (tá Jushi agus Taishan Fiberglass araon faoi úinéireacht ag an máthairchuideachta chéanna faoi úinéireacht stáit, CNBM; tá CPIC faoi úinéireacht dheiridh Yuntianhua Group atá faoi úinéireacht stáit; tá Shandong Fiberglass mar chuid de Shandong Energy Group atá faoi úinéireacht stáit);

— tá roinnt soláthróirí réamhtheachtacha faoi úinéireacht Rialtas na Síne freisin, go háirithe cuideachtaí mianadóireachta agus ceimiceacha;

— imríonn Rialtas na Síne tionchar trí naisc phearsanta, i bhfianaise poist fhorluiteacha roinnt daoine aonair laistigh de Pháirtí Cumannach na Síne agus/nó struchtúir rialtais agus laistigh de chuideachtaí ceannródaíocha san earnáil snátha snáithín gloine, amhail Jushi China, Taishan Fiberglass agus CPIC;

— coinníonn Rialtas na Síne dlúthnaisc le táirgeoirí snátha snáithín gloine na Síne trí chomhlachais ionadaíocha tionscail freisin. Mar shampla, tá Cónaidhm Ábhair Thógála na Síne formheasta ag Aireacht Gnóthaí Sibhialta na Síne agus oibríonn sí faoi threorú agus faoi mhaoirseacht an Choimisiúin um Fhaireachán agus Riarachán ar Shócmhainní faoi úinéireacht Stáit den Chomhairle Stáit;

— mar thoradh air sin, cloíonn táirgeoirí snátha na Síne go sainráite le treorú Pháirtí Cumannach na Síne agus fágann na dlúthnaisc sin le Páirtí Cumannach na Síne/leis an rialtas go bhfuil sé éasca do tháirgeoirí snátha snáithín gloine na Síne (faoi úinéireacht stáit) neart cistithe a fháil ó ghníomhaireachtaí rialtais éagsúla ar leibhéil éagsúla agus ó institiúidí airgeadais náisiúnta.

(50) Ar an dara dul síos, déanann beartais agus bearta na Síne is infheidhme maidir leis an earnáil snátha snáithín gloine idirdhealú i bhfabhar soláthróirí intíre nó bíonn tionchar acu ar shlí eile ar fhórsaí an mhargaidh shaoir:

— cinntear treo gheilleagar na Síne ar bhealach suntasach tríd an gcóras pleanála ina leagtar amach tosaíochtaí agus lena bhforordaítear na spriocanna nach mór don rialtas láir agus do na rialtais áitiúla díriú orthu. Deimhnítear sna doiciméid bheartais is déanaí de chuid na Síne maidir leis na hearnálacha 'nua-ábhar' agus 'snáithín gloine' an tábhacht leanúnach arna sannadh ag Rialtas na Síne ar an earnáil, lena n-áirítear an rún idirghabháil a dhéanamh san earnáil d'fhonn í a mhúnlú i gcomhréir le beartais an rialtais. Baineann fiontair san earnáil seo tairbhe as go leor sásraí tacaíochta, lena n-áirítear beartais tacaíochta airgeadais, beartais fhabhracha fhioscacha agus chánachais, tacaíocht T&F etc.;

([13]) Tá leagan ar líne den Tuarascáil le fáil ag: https://ec.europa.eu/transparency/documents-register/detail?ref=SWD(2024)91&lang=en.

— cumhdaítear go leor buntáistí don earnáil snátha snáithín gloine sna doiciméid bheartais seo a leanas: an 14ú Plean Cúig Bliana náisiúnta; Treochlár Made in China 2025; Catalóg na dTionscal a Spreagann Infheistíocht Eachtrach (Eagrán 2022); Catalóg Threorach 2019 maidir le Coigeartú Struchtúrach Tionscail, agus Catalóg Threorach 2021 maidir le Nua-Ábhair Thábhachtacha; Catalóg Táirgí Onnmhairiúcháin Ardteicneolaíochta na Síne; Dlí Dhaon-Phoblacht na Síne maidir le Dul Chun Cinn Eolaíochta agus Teicneolaíochta; An 14ú Plean Cúig Bliana maidir le Forbairt an Tionscail Snáithín Gloine; An 14ú Plean Cúig Bliana maidir le Tionscal na nAmhábhar a Fhorbairt; An 14ú Plean Cúig Bliana maidir le Forbairt Thionscal na nÁbhar Tógála; An 14ú Plean Cúig Bliana maidir le Forbairt Monaraíochta Cliste; An 14ú Plean Cúig Bliana maidir le Tionscal Nua-Ábhar a Fhorbairt in Zhejiang; An 14ú Plean Cúig Bliana maidir le Tionscal Ábhar Tógála Shandong; an 14ú Plean Cúig Bliana maidir le Forbairt Ardchaighdeáin an Tionscail Monaraíochta in Chongqing; An 14ú Plean Cúig Bliana de chuid Cathair Jiujiang;

(51) Ar an tríú dul síos, tá saobhadh sa tSín ar na costais uile go bunúsach a bhaineann le tosca táirgeachta snátha snáithín gloine:

— tá amhábhair thábhachtacha, amhail caoilín nó dolaimít, faoi réir saobhadh sistéamach, agus caoilín arna chumhdach leis na Pleananna ábhartha d'Acmhainní Mianracha agus do Thionscal na nÁbhar Tógála agus dolaimít ar cheann de na tionscail spreagtha do Réigiún Féinrialaitheach na hIon-Mhongóile i gCatalóg Infheistíochta Coigríche na Síne Láir agus Thiar;

— maidir le fuinneamh, déanann Rialtas na Síne idirghabháil shuntasach chórasach i margadh cumhachta na Síne. Déantar praghsanna leictreachais agus gáis a rialáil, agus faoi roinnt beartas Stáit ceadaítear do phríomhúsáideoirí móra leictreachais cainníocht áirithe leictreachais a cheannach go díreach ó ghineadóirí cumhachta ar phraghsanna atá níos ísle ná na praghsanna a thairgeann soláthróirí na heangaí. Tá scéimeanna tacaíochta den sórt sin i bhfeidhm freisin in Jiangsu (áit a bhfuil na táirgeoirí Jiangsu Changhai agus Taichia Glass Fiber lonnaithe) agus in Shandong (áit a bhfuil a shuíomh ag Taishan Fiberglass);

— tá an talamh go léir sa tSín faoi úinéireacht an stáit a chinneann freisin ar a leithdháileadh;

— déantar costais phá san earnáil snáithín gloine, lena n-áirítear an earnáil snátha snáithín gloine freisin, a shaobhadh, ós rud é nach féidir córas pá margadhbhunaithe a fhorbairt go hiomlán sa tSín toisc go gcuirtear bac ar oibrithe agus ar fhostóirí a mhéid a bhaineann lena gceart chun comheagrú a dhéanamh. Thairis sin, cuirtear srian ar shoghluaisteacht lucht saothair na Síne de bharr an chórais clárúcháin teaghlaigh, rud a chuireann teorainn leis an rochtain ar an raon iomlán slándála sóisialta agus ar shochair eile d'áitritheoirí áitiúla i limistéar áirithe riaracháin.

(52) Ar an gceathrú dul síos, tá rochtain ar mhaoiniú agus ar chaipiteal san earnáil snáithín gloine á deonú ag institiúidí a chuireann cuspóirí beartais phoiblí chun feidhme nó nach ngníomhaíonn go neamhspleách ar an stát ar shlí eile:

— tá seasamh láidir ag na bainc atá faoi úinéireacht stáit i gcóras airgeadais na Síne, agus cuireann siad critéir seachas inmharthanacht eacnamaíoch tionscadail san áireamh le linn dóibh rochtain a dheonú ar mhaoiniú. Dá réir sin, dírítear maoiniú díreach ar earnálacha arna n-ainmniú ag an rialtas mar earnálacha spreagtha nó earnálacha atá tábhachtach ar shlí eile;

— mar gheall ar a stádas, is cosúil go bhfuil rochtain éasca ag táirgeoirí snátha snáithín gloine na Síne ar iasachtú fabhrach, lena n-áirítear creidmheasanna, iasachtaí agus ionstraimí margaidh airgid ó bhainc na Síne (faoi úinéireacht stáit).

(53) Níor thug Rialtas na Síne barúil ná níor sholáthair sé fianaise lenar tacaíodh nó lenar bréagnaíodh an fhianaise atá sa cháschomhad faoi láthair agus maidir le saobhadh suntasach a bheith ann agus/nó maidir lena iomchuí atá cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán sa chás atá i gceist.

(54) Is ann do chuid mhór úinéireachta agus rialaithe ag Rialtas na Síne san earnáil snátha snáithín gloine fós de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán. Ó tharla gur beag an comhoibriú a fuarthas ó onnmhaireoirí na Síne ar an táirge faoi imscrúdú, níorbh fhéidir an cóimheas cruinn idir na táirgeoirí príobháideacha agus na táirgeoirí faoi úinéireacht stáit a chinneadh. Deimhníodh san imscrúdú, áfach, go bhfuil na trí tháirgeoir is mó san earnáil snáithín gloine, is iad sin Jushi, Taishan Glassfiber agus CPIC, faoi úinéireacht iomlán an stáit nó go bhfuil leas urlámhais ag an stát iontu. Is é atá sa trí tháirgeoir sin 60 % de tháirgeoirí snáithín gloine de chuid na Síne, agus is ag Jushi atá an sciar is mó a bhfuil 33 % de mhargadh na Síne i gceist leis ([14]).

([14]) Féach freisin Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/492, aithris (118).

(55) Tá idir fhiontair phríobháideacha agus fhiontair phoiblí san earnáil snátha snáithín gloine faoi réir maoirseacht agus treorú beartais. Deimhnítear sna doiciméid bheartais is déanaí de chuid na Síne maidir leis an earnáil snátha snáithín gloine an tábhacht leanúnach arna sannadh ag Rialtas na Síne ar an earnáil, lena n-áirítear an rún idirghabháil a dhéanamh san earnáil d'fhonn í a mhúnlú i gcomhréir le beartais an rialtais. Léirítear an méid sin sa 14ú Plean Cúig Bliana maidir le Tionscal na nAmhábhar a Fhorbairt ina liostaítear an earnáil, go háirithe snáithíní gloine sainchuspóireacha, i measc ábhair a dtacófar le nuálaíocht theicneolaíoch ina leith faoin bPlean ([15]). Tá snáithíní gloine liostaithe freisin i measc na n-earnálacha spreagtha faoi eagrán 2024 den chatalóg Treorach maidir le coigeartú struchtúrach an tionscail ([16]), chomh maith le Catalóg Treorach 2024 maidir le Nua-Ábhair Thábhachtacha atá incháilithe do scéimeanna céadúsáide/taispeántais ([17]).

(56) Is féidir samplaí comhchosúla de rún údaráis na Síne chun na forbairtí san earnáil a mhaoirsiú agus a threorú a fheiceáil ar an leibhéal cúigeach, amhail in Shandong ina bhfuil sé beartaithe, maidir leis an tionscal snáithín gloine agus ábhar comhchodach go sonrach, 'fiontair cheannródaíocha agus chnámh droma a chothú go gníomhach a bhfuil tionchar láidir branda agus mealltacht mhargaidh acu, mar aon le hacmhainneacht láidir chomhtháthaithe agus éifeachtaí spreagúla acu i ndáil le slabhraí tionscail agus braislí tionscail, agus tacú le cumaisc thrastionscail, thrasréigiúnacha agus thrasúinéireachta agus le hatheagrú fiontar' agus 'snáithíní gloine agus táirgí gloine ardfheidhmíochta a fhorbairt [agus] forbairt snáithín gloine agus táirgí snáithín gloine ardfheidhmíochta eile atá crosghearrtha de chruth speisialta, sármhín, ard-nirt, ardmhodail, alcaildíonach, íseal-tréleictreach, beagbhorrtha, ardsilice agus indíghrádaithe a spreagadh. Ag díriú ar riachtanais faisnéise leictreonaí, aeraspáis, nuafhuinnimh, feirmeacha pórúcháin ar mhórscála, tithe gloine talmhaíochta agus réimsí eile, taighde agus forbairt agus cur chun cinn a dhéanamh ar tháirgí comhchodacha teirmeaplaisteacha agus teirmithéachta atá treisithe le snáithín gloine, agus greillí comhchodacha snáithín gloine le haghaidh tionscadail bhonneagair.' ([18]) Mar an gcéanna, tá sé beartaithe le 14ú Plean Cúig Bliana Chongqing maidir le tionscail straitéiseacha agus tionscail atá ag teacht chun cinn a fhorbairt 'an tionscal snáithín gloine agus ábhar comhchodach ardfheidhmíochta a leathnú' chomh maith le 'dlús a chur le tógáil tionscadal amhail […] an líne tháirgthe snáithín gloine ardfheidhmíochta lena mbaineann aschur bliantúil 150 000 tona, agus bonn táirgthe snáithín gloine agus ábhar comhchodach sármhín, chun acmhainneacht táirgeachta snáithín gloine agus ábhar chomhchodach ardfheidhmíochta a mhéadú' ([19]). Is féidir béim ar shnáithíní gloine a fheiceáil i ndoiciméid phleanála i gcúigí eile freisin, amhail Guangxi ([20]), Hubei ([21]) nó Zhejiang ([22]).

([15]) Féach Roinn III, Foroinn 3 den an 14ú Plean Cúig Bliana maidir le Tionscal na nAmhábhar a Fhorbairt, atá le fáil ag: https://www.gov.cn/zhengce/zhengceku/2021-12/29/content_5665166.htm (arna rochtain an 2 Iúil 2024) – uimhir shábhála t24.007745.

([16]) Le fáil ag: https://www.ndrc.gov.cn/xxgk/zcfb/fzggwl/202312/t20231229_1362999.html (arna rochtain an 2 Iúil 2024) – uimhir shábhála t24.007745.

([17]) Le fáil ag: https://www.ncsti.gov.cn/kjdt/tzgg/202312/t20231225_145433.html (arna rochtain an 2 Iúil 2024) – uimhir shábhála t24.007745.

([18]) Féach 14ú Plean Cúig Bliana Chúige de chuid Shandong maidir le hábhair thógála, Caibidil IV, Roinn 4; le fáil ag: https://huanbao.bjx.com.cn/news/20211129/1190544.shtml (arna rochtain an 2 Iúil 2024).

([19]) Féach an 14ú Plean Cúig Bliana de chuid Chongqing maidir le tionscail straitéiseacha agus tionscail atá ag teacht chun cinn a fhorbairt; le fáil ag: https://www.cq.gov.cn/zwgk/zfxxgkml/szfwj/qtgw/202203/t20220318_10526318.html (arna rochtain an 2 Iúil 2024) – uimhir shábhála t24.007745.

([20]) Plean gníomhaíochta trí bliana Guangxi maidir le tionscail straitéiseacha agus tionscail atá ag teacht chun cinn: 'An tionscal nua-ábhar a fhorbairt go fuinniúil. Agus é ag díriú ar theicneolaíochtaí ceannródaíocha a shárú agus táirgí ardleibhéil a chothú, díríonn sé ar fhorbairt ábhar cruach ardfheidhmíochta, ábhar miotail neamhfheiriúil ardleibhéil, ábhar carbónáite cailciam ardcháilíochta, ábhar ceallraí nuafhuinnimh, ábhar comhchodach snáithín gloine ardfheidhmíochta, graiféine, etc. Faoi 2023, sroichfidh luach aschuir an tionscail nua-ábhar 133 bhilliún yuan, agus sroichfidh an breisluach 44 bhilliún yuan.'; le fáil ag: http://fgw.gxzf.gov.cn/zfxxgkzl/wjzx/zyzc/gzfa/t10748917.shtml (arna rochtain an 1 Iúil 2024) – uimhir shábhála t24.007745.

([21]) 14ú Plean Cúig Bliana de chuid Hubei maidir le forbairt ardchaighdeáin nua-ábhar: 'Fócas ar theicneolaíocht táirgthe chliste áitheanna snáithín gloine ar mhórscála, táirgí agus teicneolaíochtaí snáithín gloine do 5G, etc., a chur chun cinn agus tacú le taighde eolaíoch comhpháirteach ina ndírítear ar fhiontair.'; le fáil ag: https://jxt.hubei.gov.cn/fbjd/xxgkml/jhgh/202203/t20220325_4056642.shtml (arna rochtain an 1 Iúil 2024) – uimhir shábhála t24.007745.

([22]) An 14ú Plean Cúig Bliana de chuid Zhejiang maidir le Tionscal na Nua-Ábhar a Fhorbairt: 'Ag brath go príomha ar Chrios Forbartha Eacnamaíche Tongxiang [áit a bhfuil Jushi lonnaithe (arna chur isteach ag an gCoimisiún chun míniú a thabhairt)], béim a chur ar shnáithín agus ar ábhair chomhchodacha ardfheidhmíochta, ar ábhair ceallraí cumhachta ardfheidhmíochta, ar ábhair nua cheannródaíocha agus ar fho-réimsí eile, chun slabhra tionscail snáithín gloine agus ábhar comhchodach ardfheidhmíochta agus slabhra tionscail ábhar ceallraí cumhachta agus táirgí iartheachtacha ardfheidhmíochta a chruthú, chun feabhas ar an slabhra luacha a bhaint amach.'; le fáil ag: https://fzggw.zj.gov.cn/art/2021/6/24/art_1229539890_4671248.html (arna rochtain an 1 Iúil 2024) – uimhir shábhála t24.007745.

(57) Maidir le Rialtas na Síne a bheith in ann cur isteach ar phraghsanna agus ar chostais tríd an Stát a bheith i láthair i ngnólachtaí de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an dara fleasc den bhun-Rialachán, leagann go leor táirgeoirí an táirge faoi imscrúdú béim go sainráite ar ghníomhaíochtaí neartaithe an Pháirtí ar a suíomhanna ghréasáin nó bíonn comhaltaí Páirtí acu i measc lucht bainistíochta na cuideachta agus cuireann siad a gceangal le Páirtí Cumannach na Síne i dtábhacht.

(58) Mar shampla, fónann Cathaoirleach Bhord Ghrúpa Jushi mar Leas-Rúnaí Choiste an Pháirtí ag CNMB ag an am céanna ([23]). Mar an gcéanna, tá post mar Rúnaí an Choiste Páirtí ag Cathaoirleach Sinoma Science and Technology, arb é cuideachta sealbhaíochta Taishan Fiberglass agus tá Uachtarán Sinoma Science and Technology ina Leas-Rúnaí ar an gCoiste Páirtí ([24]). I gcás CPIC, tá Leas-Chathaoirleach an Bhoird agus an Bainisteoir Feidhmiúcháin i seilbh an phoist mar Leas-Rúnaí Choiste an Pháirtí ag an am céanna, agus fónann Cathaoirleach Ghrúpa mháthairchuideachta CPIC freisin mar Rúnaí Choiste an Pháirtí agus fónann Leas-Chathaoirleach an Ghrúpa mar Leas-Rúnaí Choiste an Pháirtí ([25]).

(59) Thairis sin, foráiltear go sainráite le hAirteagail Chomhlachais Jushi maidir le formhaoirseacht dhíreach ag an bPáirtí ar ghnóthaí corparáideacha fíor-riachtanacha in Airteagal 195 díobh, ar dá réir go 'ndéanfaidh coiste páirtí an fhiontair mórcheisteanna an fhiontair a phlé agus a chinneadh i gcomhréir leis na rialacháin', agus cuimsíonn príomhfhreagrachtaí an choiste Páirtí na cúraimí chun 'staidéar agus plé a dhéanamh ar mhórcheisteanna bainistíochta gnó na cuideachta, agus tacú le cruinniú na scairshealbhóirí, leis an mbord stiúrthóirí, leis an mbord maoirseoirí agus leis an mbainistíocht ó thaobh a gcumhachtaí a fheidhmiú de réir an dlí', chomh maith le 'ceannaireacht agus rialú ar roghnú agus ar fhostaíocht an fhiontair a neartú, agus obair mhaith a dhéanamh chun foireann ceannaireachta, foireann caidre agus foireann tallainne an fhiontair a fhorbairt' ([26]).

(60) Ina theannta sin, thionóil Taishan Fiberglass ceiliúradh 100 bliain ó bunaíodh Páirtí Cumannach na Síne agus thug rúnaí choiste Páirtí na cuideachta óráid: 'Is ionann na 30 bliain d'athchóiriú, de nuálaíocht agus d'fhorbairt Taishan Fiberglass agus 30 bliain de bheith ag cloí le ceannaireacht an Pháirtí agus á neartú, 30 bliain de bheith ag tabhairt linn agus ag tabhairt ar aghaidh spiorad iontach an Pháirtí, agus 30 bliain de thorthaí fónta i ngníomhaíochtaí neartaithe Páirtí, in athchóiriú agus forbairt, i dtáirgeadh agus oibriú.' ([27]). Thairis sin, luaigh airteagail chomhlachais fiontar ghrúpa Jushi gurb é ceann dá bpríomhfhreagrachtaí 'smaointe Xi Jinping ar Shóisialachas le Tréithe na Síne le haghaidh Ré Nua a chur chun feidhme, staidéar a dhéanamh ar theoiric an Pháirtí agus í a phoibliú, líne, prionsabail agus beartais an Pháirtí a chur chun feidhme, maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme mhórchinntí agus mhórshocruithe Choiste Lárnach an Pháirtí agus ar rúin eagraíochtaí Páirtí ardleibhéil san fhiontar agus a gcur chun feidhme a áirithiú; staidéar a dhéanamh ar mhórcheisteanna bainistíochta gnó na cuideachta agus iad a phlé, agus tacú le cruinniú na scairshealbhóirí, leis an mbord stiúrthóirí, leis an mbord maoirseoirí agus leis an mbainistíocht ó thaobh a gcumhachtaí a fheidhmiú de réir an dlí' ([28]).

(61) Thairis sin, tá beartais i bhfeidhm san earnáil snátha snáithín gloine lena ndéantar idirdhealú i bhfabhar táirgeoirí intíre nó lena n-imrítear tionchar ar an margadh ar shlí eile de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an tríú fleasc den bhun-Rialachán. Cé gur iondúil go mbaineann beartais thionsclaíocha le roinnt earnálacha, tá an earnáil snátha snáithín gloine faoi réir pleananna, treoirlínte, treoracha agus doiciméid bheartais iomadúla eile arna n-eisiúint ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus bardasach (féach freisin aithrisí (56) agus (57)). Uaireanta tagann na beartais sin salach caol díreach ar fhórsaí an mhargaidh, amhail plean gníomhaíochta trí bliana Guangxi maidir le tionscail straitéiseacha agus tionscail atá ag teacht chun cinn, cuir i gcás, lena socraítear ón taobh riaracháin de spriocmhéideanna aschuir agus rátaí fáis amach anseo: 'faoi 2023, sroichfidh luach aschuir an tionscail nua-ábhar 133 bhilliún yuan, agus sroichfidh an breisluach 44 bhilliún yuan' ([29]).

([23]) Féach ag: https://vip.stock.finance.sina.com.cn/corp/view/vCI_CorpManagerInfo.php?stockid=600176&Pcode=30005355&Name=%B3%A3%D5%C5%C0%FB (arna rochtain an 2 Iúil 2024) – uimhir shábhála t24.007745.

([24]) Féach: http://yp.sinomatech.com/party/8993.html (arna rochtain an 2 Iúil 2024) – uimhir shábhála t24.007745.

([25]) Féach ag: https://q.stock.sohu.com/newpdf/202356372290.pdf (arna rochtain an 2 Iúil 2024) agus http://f.dfcfw.com/pdf/H2_AN202202221548514546_1.pdf (arna rochtain an 2 Iúil 2024) – uimhir shábhála t24.007745.

([26]) Féach Airteagail Chomhlachais na cuideachta, le fáil ag: https://pdf.dfcfw.com/pdf/H2_AN202203181553440430_1.pdf?1647632338000.pdf (arna rochtain an 2 Iúil 2024) – uimhir shábhála t24.007745.

([27]) Tuairisc ar shuíomh gréasáin Taishan Fiberglass, le fáil ag: http://ctgf.com/contents/16/13216.html (arna rochtain an 2 Iúil 2024) – uimhir shábhála t24.007745.

([28]) Airteagal 195 d'Airteagail Chomhlachais Jushi; le fáil ag: http://ile.finance.sina.com.cn/211.154.219.97:9494/MRGG/CNSESH_STOCK/2022/2022-3/2022-03-19/7898725.PDF (arna rochtain an 2 Iúil 2024) – uimhir shábhála t24.007745.

([29]) Féach plean gníomhaíochta 3 bliana Guangxi maidir le tionscail straitéiseacha agus tionscail atá ag teacht chun cinn, mar a luaitear in aithris (61) thuas.

(62) Mar achoimre, tá bearta i bhfeidhm ag Rialtas na Síne chun oibreoirí a spreagadh chun cuspóirí beartais phoiblí maidir le tacú le tionscail spreagtha a chomhlíonadh, lena n-áirítear táirgeadh na bpríomh-ionchur a úsáidtear i monaraíocht an táirge faoi imscrúdú. Cuireann bearta den sórt sin cosc ar fhórsaí an mhargaidh a oibriú gan bhac.

(63) Níor léirigh an t-imscrúdú reatha aon fhianaise nach ndéanfadh cur i bhfeidhm idirdhealaitheach nó forfheidhmiú neamhleor na ndlíthe féimheachta agus maoine de réir Airteagal 2(6a)(b), an ceathrú fleasc den bhun-Rialachán, san earnáil snátha snáithín gloine dá dtagraítear thuas in aithris (45), difear do mhonaróirí an táirge faoi imscrúdú.

(64) Ina theannta sin, déanann an saobhadh ar chostais phá difear don earnáil snátha snáithín gloine de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an cúigiú fleasc den bhun-Rialachán, rud dá dtagraítear thuas in aithris (45) freisin. Déanann an saobhadh sin difear don earnáil go díreach (nuair a bhíonn an táirge faoi imscrúdú nó na príomh-ionchuir á dtáirgeadh) agus go hindíreach (nuair atá rochtain ar chaipiteal nó ar ionchuir ó chuideachtaí atá faoi réir an chórais saothair chéanna sa tSín i gceist).

(65) Thairis sin, níor cuireadh aon fhianaise faoi bhráid an imscrúdaithe reatha arna léiriú nach ndéantar difear don earnáil snátha snáithín gloine trí idirghabháil ón rialtas san earnáil airgeadais de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an séú fleasc den bhun-Rialachán, rud dá dtagraítear thuas in aithris (45) freisin. Dá bhrí sin, de thoradh ar an idirghabháil shubstaintiúil ón rialtas sa chóras airgeadais, cuirtear isteach go mór ar dhálaí an mhargaidh ar gach leibhéal.

(66) Ar deireadh, meabhraíonn an Coimisiún gur gá roinnt ionchur chun an táirge faoi imscrúdú a tháirgeadh. Nuair a cheannaíonn táirgeoirí an táirge faoi imscrúdú na hionchuir sin nó nuair a dhéanann siad conradh lena n-aghaidh, tá na praghsanna a íocann siad (agus a dhéantar a thaifeadadh mar a gcuid costas) neamhchosanta ar an saobhadh sistéamach céanna a luadh roimhe. Mar shampla, fostaíonn soláthróirí na n-ionchur lucht saothair atá faoi réir an tsaofa; féadfaidh siad airgead a fháil ar iasacht a bheidh faoi réir shaobhadh na hearnála airgeadais/leithdháileadh an chaipitil. Ina theannta sin, tá siad faoi réir an chórais pleanála atá i bhfeidhm ar gach leibhéal rialtais agus earnálacha.

(67) Dá bharr sin, ní hamháin nach iomchuí praghsanna díola intíre an táirge faoi imscrúdú a úsáid de réir bhrí Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, ach déantar difear freisin do na costais ionchuir uile (lena n-áirítear amhábhair, fuinneamh, talamh, maoiniú, saothar, etc.) toisc go ndéanann an idirghabháil shubstaintiúil ón rialtas difear dá bpraghasmhúnlú, mar a thuairiscítear i gCodanna I agus II den Tuarascáil. Go deimhin, faightear na hidirghabhálacha ón rialtas a dtugtar tuairisc orthu i ndáil le leithdháileadh caipitil, talún, saothair, fuinnimh agus amhábhar ar fud na Síne. Ciallaíonn sé sin, mar shampla, nuair a chuirtear réimse tosca táirgeachta le chéile chun ionchur a tháirgeadh sa tSín, is ionchur é atá neamhchosanta ar shaobhadh suntasach. Is amhlaidh an scéal maidir leis an ionchur don ionchur agus mar sin de.

(68) An 29 Aibreán 2024, chuir Henan Guangyuan tacar barúlacha isteach, agus thug sé dá aire go n-éilítear le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán go ndéanfaí measúnú ar shaobhadh suntasach ar gach onnmhaireoir agus táirgeoir ar leithligh. I ndáil leis sin, mhaígh Henan Guangyuan nár cheart aon saobhadh suntasach a bheith ann maidir lena chostas táirgthe.

(69) Thug an Coimisiún dá aire, seachas a bheith ag tagairt siar dá fhreagra ar an gceistneoir (nach bhfuil aon mhaímh ann maidir le saobhadh suntasach de bhun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán, seachas ráiteas go gceannaíonn an chuideachta amhábhair éagsúla ar phraghsanna idirnáisiúnta), nár thíolaic Henan Guangyuan aon argóintí a chaithfeadh amhras ar an anailís maidir le saobhadh suntasach. Suitear gur ann do shaobhadh suntasach lena dtionscnaítear cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán ar leibhéal na tíre ar fad. Má shuitear gur ann do shaobhadh suntasach, beidh feidhm ag forálacha Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán, *a priori*, maidir leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin uile sa tSín agus bainfidh siad leis na costais ar fad a bhaineann lena dtosca táirgeachta. Foráiltear leis an bhforáil chéanna den bhun-Rialachán costais intíre a úsáid a shuitear go dearfach nach ndéanann saobhadh suntasach difear dóibh. Mar sin féin, cé nár chuir Henan Guangyuan fianaise chruinn iomchuí isteach maidir le praghsanna agus costais neamhshaofa, léirítear sna ríomhanna a bhaineann le Henan Guangyuan in aon chás na sonraí a chuir an chuideachta féin isteach, lena n-áirítear na tosca táirgeachta agus na méideanna mar a thuairiscigh an chuideachta iad sa fhreagra ar an gceistneoir, ach aird chuí á tabhairt ar shaobhadh nach beag sa tSín agus ar an tionchar atá aige sin, i gcomhréir le forálacha an bhun-Rialacháin, go háirithe Airteagal 2(6a) de.

(70) Mar achoimre, léiríodh leis an bhfianaise a bhí ar fáil nach toradh ar fhórsaí an tsaormhargaidh iad praghsanna ná costais an táirge faoi imscrúdú, lena n-áirítear costais amhábhar, fuinnimh agus saothair, toisc go ndéantar difear dóibh trí idirghabháil shubstaintiúil ón rialtas de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán, mar a léirítear leis an tionchar iarbhír nó féideartha a bhaineann le ceann amháin nó níos mó de na gnéithe ábhartha a liostaítear ann. Ar an mbonn sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach iomchuí praghsanna agus costais intíre a úsáid chun gnáthluach a shuí sa chás seo. Dá dhroim sin, lean an Coimisiún ar aghaidh leis an ngnáthluach le haghaidh Henan Guangyuan a ríomh go heisiach ar bhonn na gcostas táirgthe agus díola agus praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa á léiriú, is é sin, sa chás seo, ar bhonn na gcostas comhfhreagrach táirgthe agus díola i dtír ionadaíoch iomchuí, i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, mar a phléitear sa roinn seo a leanas.

3.2.2. *Tír ionadaíoch*

Barúlacha ginearálta

(71) Bunaíodh roghnú na tíre ionadaíche ar na critéir seo a leanas de bhun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán:

— Leibhéal forbartha eacnamaíche atá cosúil leis an leibhéal atá sa tSín. Chun na críche sin, d'úsáid an Coimisiún tíortha a bhfuil ollioncam náisiúnta per capita acu atá cosúil leis ollioncam náisiúnta per capita atá ag an tSín ar bhonn bhunachar sonraí an Bhainc Dhomhanda ([30]);

— Táirgeacht an táirge faoi imscrúdú sa tír sin;

— Infhaighteacht sonraí poiblí ábhartha sa tír ionadaíoch;

— I gcás ina raibh níos mó ná rogha fhéideartha amháin ann i ndáil le tír ionadaíoch, tugadh tús áite, i gcás inarbh iomchuí, don tír ina bhfuil leibhéal leordhóthanach cosanta sóisialta agus comhshaoil.

(72) Mar a mhínítear in aithrisí (37) go (41), d'eisigh an Coimisiún dhá nóta i gcomhair an chomhaid faoi na foinsí chun an gnáthluach a shuí: an chéad nóta an 19 Aibreán 2024 (dá ngairtear 'an chéad nóta' anseo feasta) ([31]) agus an dara nóta an 27 Meitheamh 2024 (dá ngairtear 'an dara nóta' anseo feasta) ([32]).

(73) Sna nótaí sin, tugadh tuairisc ar na fíorais agus ar an bhfianaise is bun leis na critéir ábhartha agus tugadh aghaidh iontu freisin ar na barúlacha a fuarthas ó na páirtithe maidir leis na gnéithe sin agus maidir leis na foinsí ábhartha.

(74) Sa dara nóta maidir le tosca táirgeachta, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara ar an eolas go raibh sé beartaithe aige an Tuirc a úsáid mar thír ionadaíoch iomchuí sa chás seo dá mba rud é go ndeimhneofaí saobhadh suntasach de bhun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán.

Leibhéal forbartha eacnamaíche atá cosúil leis an leibhéal atá sa tSín

(75) Sa chéad nóta, shainaithin an Coimisiún an Bhrasaíl, an Mhalaeisia, Meicsiceo, an Téalainn agus an Tuirc mar thíortha lena mbaineann leibhéal forbartha eacnamaíche atá cosúil leis an tSín de réir an Bhainc Dhomhanda (i.e. tíortha 'ard-mheánioncaim' ar bhonn ollioncam náisiúnta) arbh eol go dtáirgtear an táirge faoi imscrúdú iontu.

([30]) Sonraí Oscailte an Bhainc Dhomhanda – Ard-Mheánioncam, https://data.worldbank.org/income-level/upper-middle-income.
([31]) Tá an chéad nóta maidir le tosca táirgeachta ar fáil sa chomhad do pháirtithe leasmhara faoin uimhir shábhála t24.003239.
([32]) Tá an dara nóta maidir le tosca táirgeachta ar fáil sa chomhad do pháirtithe leasmhara faoin uimhir shábhála t24.005240.

(76) Ina bharúlacha maidir leis an gcéad nóta, d'áitigh Henan Guangyuan nár tháirg aon cheann de na cúig thír an táirge faoi imscrúdú ach nár bhréagnaigh sé sonraí an Choimisiúin go bunúsach. Mhol Henan Guangyuan an Téaváin agus Hong Cong freisin mar thíortha ionadaíocha malartacha.

(77) Soláthraítear leis an gcéad nóta fianaise ar tháirgeadh snátha snáithín gloine, nó ar a laghad táirgeadh táirge sa chatagóir agus/nó san earnáil ghinearálta chéanna le táirge an imscrúdaithe i ngach ceann de na cúig thír ionadaíocha ionchasacha atá beartaithe. Dá bhrí sin, ní raibh aon fhoras ann aon tír a eisiamh ón liosta dá bhforáiltear in aithris (75).

(78) Thairis sin, ní thagann an Téaváin ná Hong Cong faoin gcatagóir 'ard-mheánioncam' de réir aicmiú an Bhainc Dhomhanda. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mholadh an Téaváin agus Hong Cong a mheas mar thíortha ionadaíocha.

Sonraí ábhartha a bheith ar fáil go héasca sa tír ionadaíoch

(79) Sa Chéad Nóta thug an Coimisiún le fios, i gcás na dtíortha a sainaithníodh mar thíortha ina bhfuil an táirge faoi imscrúdú á tháirgeadh, i.e. An Bhrasaíl, an Mhalaeisia, Meicsiceo an Téalainn agus an Tuirc, gur ghá infhaighteacht na sonraí atá ar fáil go héasca a fhíorú a thuilleadh go háirithe maidir leis na sonraí airgeadais poiblí ó tháirgeoirí an táirge faoi imscrúdú.

(80) Maidir leis an mBrasaíl, ní raibh ráitis airgeadais mhionsonraithe, arna ndeimhniú ag na hiniúchóirí, ar fáil go héasca don dá chuideachta a tháirgeann snáth snáithín gloine nó táirge sa chatagóir agus/nó san earnáil ghinearálta chéanna le snáth snáithín gloine, i.e. CPCI Brasil Fibras de Vidro Ltda agus Owens Corning Fiberglass A.S. Ltda. Dá thoradh sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach bhféadfaí an Bhrasaíl a mheas mar thír ionadaíoch iomchuí don imscrúdú seo.

(81) Maidir leis an Malaeisia, na sonraí airgeadais atá ar fáil go héasca don aon chuideachta amháin a tháirgeann snátha snáithín gloine nó do tháirge atá sa chatagóir ghinearálta chéanna agus/nó san earnáil ghinearálta chéanna le snátha snáithín gloine, Nippon Electric Glass (an Mhalaeisia) SDN BHD, a théann siar ó 2022 agus, mar thoradh air sin, ní fhéadfaí a mheas go bhfuil siad iomchuí don tréimhse imscrúdúcháin ós rud é go raibh sonraí níos déanaí ar fáil do tháirgeoir sa Tuirc mar a mhínítear thíos. Tá sonraí airgeadais le haghaidh 2023 ar fáil don ghrúpa Nippon Electric Glass Co., Ltd ach níl faisnéis mhionsonraithe ann a bhaineann go sonrach le snátha snáithín gloine nó le táirge comhchosúil laistigh den chatagóir agus/nó den earnáil ghinearálta chéanna. Ina theannta sin, is grúpa domhanda é Nippon Electric Glass Co., Ltd nach bhfuil a chuid sonraí airgeadais ionadaíoch ar an staid sa Mhalaeisia. Os a choinne sin, mar a mhínítear in aithrisí (84)-(86) agus (119)-(124), soláthraíonn an Tuirc sonraí airgeadais níos mionsonraithe ós rud é go bhfuil costais SGA ar fáil d'earnáil na gloine tionsclaíche sa Tuirc agus go bhfuil brabús ar fáil d'fhochuideachta nach dtáirgeann ach snátha snáithín gloine agus táirgí sa chatagóir ghinearálta chéanna/san earnáil ghinearálta chéanna sa Tuirc. Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach bhféadfaí an Mhalaeisia a mheas mar thír ionadaíoch iomchuí don imscrúdú seo.

(82) Maidir le Meicsiceo, ní raibh ráitis airgeadais an dá chuideachta a tháirgeann snáth snáithín gloine nó táirge sa chatagóir ghinearálta chéanna agus/nó san earnáil ghinearálta chéanna le snáth snáithín gloine, Ferguson Fibers de Mexico SA DE CF agus Saint-Gobain Mexico, ar fáil go héasca. Dá thoradh sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach bhféadfaí Meicsiceo a mheas mar thír ionadaíoch iomchuí don imscrúdú seo.

(83) Maidir leis an Téalainn, na sonraí airgeadais atá ar fáil go héasca don aon chuideachta amháin a ndealraíonn sé go bhfuil snátha snáithín gloine nó táirge comhchosúil á tháirgeadh aici laistigh den chatagóir ghinearálta chéanna agus/nó den earnáil ghinearálta chéanna, Asia Composite Material (an Téalainn) Co Ltd, a théann siar ó 2022 agus, mar thoradh air sin, ní fhéadfaí a mheas go bhfuil siad iomchuí don tréimhse imscrúdúcháin ós rud é go raibh faisnéis airgeadais níos déanaí ar fáil sa Tuirc mar a mhínítear thíos. Thairis sin, cumhdaítear le sonraí 2022 gach oibríocht chuideachta, ach tá easnamh ann maidir le faisnéis airgeadais mhionsonraithe a bhaineann go sonrach le snátha snáithín gloine nó le táirge comhchosúil laistigh den chatagóir agus/nó den earnáil ghinearálta chéanna. I gcodarsnacht leis sin, soláthraíonn an Tuirc sonraí airgeadais níos mionsonraithe. I gcás cuideachta eile sa Téalainn, Thai United Glass Fiber Co Ltd, a tháirgeann mataí snáithín gloine, ar féidir iad a mheas mar tháirge laistigh den chatagóir nó den earnáil ghinearálta chéanna le snátha snáithín gloine, téann na sonraí airgeadais atá ar fáil go poiblí siar go 2022 freisin agus bhí na mionsonraí a bhí ar fáil don Tuirc in easnamh chomh maith. Mar thoradh air sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach bhféadfaí an Téalainn a mheas mar thír ionadaíoch iomchuí don imscrúdú seo.

(84) I ndáil leis an Tuirc, tá ráitis airgeadais chomhdhlúite ar fáil don tréimhse imscrúdúcháin maidir leis an ngrúpa Türkiye Şişe ve Cam Fabrikaları A.Ş ('an grúpa Sisecam') ([33]). Tá grúpa Sisecam gníomhach in earnálacha éagsúla a bhaineann leis an ngloine: gloine ailtireachta, gloine tionsclaíoch, earraí gloine, pacáistiú gloine. I ndáil le snáithín gloine, mhaígh an grúpa go raibh acmhainneacht táirgeachta 70 000 tona aige agus táirgeacht 62 000 tona aige in 2022 ([34]).

(85) Tá fochuideachta ag grúpa Sisecam a bhfuil speisialtóireacht aici i snáithín gloine: Şişecam Balıkesir Cam Elyaf Fabrikası ('Sisecam Elyaf') ([35]). Táirgeann Sisecam Elyaf caisirníní r-ghloine, duail mhionghearrtha agus mataí dual mionghearrtha. Ní hiad caisirníní, duail mhionghearrtha nó mataí dual mionghearrtha an táirge faoi imscrúdú ach tá céimeanna riachtanacha den phróiseas táirgthe á roinnt acu le caisirníní: ullmhú amhábhair, leá san fhoirnéis, easbhrú na gloine leáite trí phoill na mboscóidí ([36]) chun filiméid ghloine a dhéanamh, treiscíniú ([37]) a dhéanamh, na filiméid a bhailiú agus a chasadh timpeall ar spóil. Dá bhrí sin, meastar iad a bheith sa chatagóir ghinearálta chéanna leis an táirge faoi imscrúdú. Dá bhrí sin, is é conclúid an Choimisiúin go dtáirgeann Sisecam Elyaf an táirge faoi imscrúdú nó táirgí sa chatagóir ghinearálta chéanna leis an táirge faoi imscrúdú. I dtéarmaí láimhdeachais, is ionann Sisecam Elyaf agus 13 % de dheighleog gloine tionsclaíche ghrúpa Sisecam lena mbaineann sé.

(86) Le ráitis airgeadais chomhdhlúite ghrúpa Sisecam, soláthraítear brabús Sisecam Elyaf agus costais SGA na deighleoige gloine tionsclaíche.

(87) Rinne an Coimisiún anailís freisin ar allmhairí na bpríomhthosca táirgeachta isteach sa Tuirc. Léiríodh san anailís ar allmhairí na bpríomhthosca táirgeachta gur allmhairigh an Tuirc ar an iomlán méideanna nach beag agus ionadaíocha d'fhormhór na bpríomh-amhábhar ar phraghsanna neamhshaofa. Mar sin féin, ós rud é gurb í an Tuirc an táirgeoir is mó ar domhan i gcás ceann de na hamhábhair (cólmainít mheilte), ní allmhairíonn sí an t-amhábhar sin. Fuarthas amach freisin gur beag an méid allmhairí amhábhair eile (plúr silice) a bhí ann sa Tuirc, rud a chuir amhras ar iontaofacht na bpraghsanna allmhairiúcháin. I gcás an dá amhábhar sin, bhain an Coimisiún úsáid as sonraí allmhairiúcháin na Malaeisia ós rud é gurbh í an tír sin an t-aon tír ionadaíoch ionchasach a raibh méideanna móra d'allmhairí an dá tháirge aici agus níor cuireadh as an áireamh í mar thír ionadaíoch ach amháin mar gheall ar easpa sonraí airgeadais a bhí cothrom le dáta agus a bhí mionsonraithe go leor maidir lena táirgeoir. Léiríodh sa dara nóta freisin nár dícháilíodh úsáid na dtíortha sin mar fhoinsí le haghaidh na bpraghsanna neamhshaofa mar gheall ar mhéid na n-allmhairí ón tSín, agus ó na tíortha a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2015/755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([38]) isteach sa Mhalaeisia (i gcás cólmainít mheilte agus plúr silice) agus sa Tuirc (i gcás na n-amhábhar eile).

(88) I bhfianaise na mbreithnithe thuas, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara ar an eolas leis an dara nóta go raibh sé beartaithe aige an Tuirc a úsáid mar thír ionadaíoch iomchuí, an grúpa Sisecam a úsáid mar tháirgeoir sa tír ionadaíoch agus allmhairí cólmainíte meilte agus plúir silice sa Mhalaeisia a úsáid i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán chun praghsanna agus tagarmharcanna neamhshaofa a aimsiú chun an gnáthluach a ríomh.

([33]) Tuarascáil bhliantúil 2023 ghrúpa Sisecam: https://www.sisecam.com.tr/sites/catalogs/en/Investor%20Relations/Presentations%20agus%20Bulletins/Annual%20Reports/sisecam-annual report-2023.pdf An dáta deireanach ar breathnaíodh air an 18 Iúil 2024 – uimhir shábhála t24.006381.

([34]) Tuarascáil bhliantúil 2022 ghrúpa Sisecam: https://www.sisecam.com.tr/en/investor-relations/presentations-and-bulletins/ annual-reports/digital-annual-report/2022/assets/pdf/SCAM_FRAE_2022_MTB_uyg_23.pdf An dáta deireanach ar breathnaíodh air an 18 Iúil 2024 – uimhir shábhála t24.006381 (Faisnéis maidir le táirgeadh snáithín gloine agus acmhainneacht táirgeachta ar fáil ar leathanach 17).

([35]) https://www.sisecam.com.tr/tr/faaliyet-alanlarimiz/cam-elyaf An dáta deireanach ar breathnaíodh air an 18 Iúil 2024 – uimhir shábhála t24.6381.

([36]) Is gléas é boscóid, a dhéantar de ghnáth as platanam nó cóimhiotal platanaim-róidiam, le go leor poill bheaga nó buinní. Tá sé suiteáilte ag bun na foirnéise leá gloine.

([37]) Is bratú nó bailchríoch ar shnáithíní gloine é treiscíniú chun iad a chosaint le linn na próiseála agus chun a nascadh le hábhair chomhchodacha a fheabhsú i bhfeidhmeanna iartheachtacha.

([38]) Rialachán (AE) 2015/755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 maidir le comhrialacha d'allmhairí ó thríú tíortha áirithe (IO L 123, 19.5.2015, lch. 33, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2015/755/oj).

(89) Iarradh ar pháirtithe leasmhara barúlacha a thabhairt maidir le hoiriúnacht na Tuirce mar thír ionadaíoch, maidir le hoiriúnacht ghrúpa Sisecam mar tháirgeoir sa tír ionadaíoch agus maidir le hoiriúnacht na Malaeisia i ndáil le hallmhairí cólmainíte meilte agus plúir silice. Ní bhfuarthas aon bharúil.

(90) Roghnú tosaigh na dtíortha ionadaíocha féideartha agus na gcuideachtaí iomchuí a bhfuil sonraí ar fáil go poiblí ina leith, ní rud é sin a chuireann cosc ar an gCoimisiún cur leis an roghnú agus lena thaighde nó iad a athbhreithniú tráth is faide anonn, lena n-áirítear trí mholtaí nua a chur chun cinn maidir le tír ionadaíoch fhéideartha agus an táirge comhchosúil. Go deimhin, is é cuspóir do na nótaí maidir leis na tosca táirgeachta a iarraidh ar na páirtithe leasmhara barúlacha a thabhairt maidir le réamhthaighde sheirbhísí an Choimisiúin agus roghanna malartacha a fháil chun a chur faoi bhráid sheirbhísí an Choimisiúin, má tá údar leis sin. Tá iarscríbhinn shonrach le fáil sna nótaí fiú ina dtugtar treoraíocht do na páirtithe ó thaobh faisnéis a chur isteach maidir le tíortha agus/nó cuideachtaí ionadaíocha féideartha breise chun críoch Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán.

Leibhéal na cosanta sóisialta agus comhshaoil

(91) Tar éis a shuí gurb é an Tuirc an t-aon tír ionadaíoch iomchuí a bhí ar fáil, agus bunaithe ar na gnéithe thuasluaite uile, ní raibh aon ghá measúnú a dhéanamh ar leibhéal na cosanta sóisialta agus comhshaoil i gcomhréir leis an abairt dheireanach d'Airteagal 2(6a)(a), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán.

3.2.3. *Conclúid*

(92) I bhfianaise na hanailíse thuas, chomhlíon an Tuirc na critéir a leagtar síos in Airteagal 2(6a)(a), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán chun go measfaí í mar thír ionadaíoch iomchuí.

3.2.4. *Foinsí arna n-úsáid chun costais neamhshaofa a shuí*

(93) Sa chéad nóta, liostaigh an Coimisiún na tosca táirgeachta amhail ábhair, fuinneamh agus saothar a úsáideann na táirgeoirí onnmhairiúcháin i dtáirgeadh an táirge lena mbaineann agus d'iarr sé ar na páirtithe leasmhara a mbarúil a thabhairt agus faisnéis atá ar fáil go poiblí a mholadh maidir le luachanna neamhshaofa le haghaidh gach ceann de na tosca táirgeachta a luaitear sa nóta sin.

(94) Tar éis sin, sa dara nóta, luaigh an Coimisiún, chun an gnáthluach a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, go n-úsáidfeadh sé Global Trade Atlas ('GTA') ([39]) chun an costas neamhshaofa a shuí maidir le formhór na dtosca táirgeachta sa tír ionadaíoch, agus na hamhábhair go sonrach. Ina theannta sin, luaigh an Coimisiún go n-úsáidfeadh sé na staitisticí a sholáthair Institiúid Staidrimh na Tuirce ([40]) chun costais neamhshaofa saothair, gáis nádúrtha, gáis nádúrtha leachtaithe ('GNL') agus gaile a shuí, go n-úsáidfeadh sé na staitisticí a sholáthair an tÚdarás Rialála Margaidh Fuinnimh ([41]) chun costas neamhshaofa leictreachais a shuí agus go n-úsáidfeadh sé na staitisticí a sholáthair Oifig Infheistíochta Uachtaránacht Phoblacht na Tuirce ([42]) chun costas neamhshaofa uisce a shuí.

(95) Sa dara nóta, chuir an Coimisiún in iúl do na páirtithe leasmhara freisin gur mar gheall ar an líon mór tosca táirgeachta a bhí ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin a sholáthair faisnéis iomlán agus mar gheall ar a dhiomaibhsí atá cuid de na hamhábhair i gcostas iomlán an táirgthe, rinneadh na hítimí diomaibhseacha sin a ghrúpáil faoi 'tomhaltáin'. Ina theannta sin, chuir an Coimisiún in iúl go ríomhfadh sé céatadán na dtomhaltán ar chostas iomlán na n-amhábhar agus go gcuirfeadh sé an céatadán sin i bhfeidhm ar chostas athríofa na n-amhábhar agus na tagarmharcanna neamhshaofa arna suí sa tír ionadaíoch iomchuí a n-úsáid aige.

([39]) Global Trade Atlas: https://connect.ihsmarkit.com/, http://www.gtis.com/gta/secure/default.cfm.
([40]) Institiúid Staidrimh na Tuirce: http://www.turkstat.gov.tr.
([41]) EMRA | An tÚdarás Rialála Margaidh Fuinnimh: http://epdk.gov.tr.
([42]) Oifig Infheistíochta na Tuirce: https://www.invest.gov.tr/en/investmentguide/pages/cost-of-doing-business.aspx.

3.2.4.1. Tosca táirgeachta

(96) I bhfianaise na faisnéise uile a chuir na páirtithe leasmhara isteach agus a bailíodh le linn na gcuairteanna fíorúcháin, sainaithníodh na tosca táirgeachta seo a leanas agus a bhfoinsí chun an gnáthluach a chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán:

Tábla 1

Tosca táirgeachta snátha snáithín gloine

Toisc tháirgeachta	Cód Tráchtearra	Luach neamhshaofa	Foinse sonraí
Amhábhair			
Plúr silice	2506 10	0,566 CNY/kg	Global Trade Atlas ('GTA') ([43]) / MacMap ([44]) don Mhalaeisia
Cré chaoilín	2507 00 80 00 12	1,87 CNY/kg	GTA / MacMap don Tuirc
Cólmainít mheilte	2528 00	4,02 CNY/kg	GTA / MacMap don Mhalaeisia
Fluairít (Fluar)	2529 22	5,23 CNY/kg	GTA / MacMap don Tuirc
Lóis eapocsach	3907 30	26,808 CNY/kg	GTA / MacMap don Tuirc
Platanam	7110 11	224 880 CNY/kg	GTA / MacMap don Tuirc
Róidiam	7110 31	1 105 006 CNY/kg	GTA / MacMap don Tuirc
Tomhaltáin			
Saothar			
Saothar	N/B	59,96 CNY/uair an chloig	Institiúid Staidrimh na Tuirce
Fuinneamh			
Leictreachas	N/B	0,89 CNY/kWh	Institiúid Staidrimh na Tuirce
Gás nádúrtha	N/B	4,11 CNY/m3	Institiúid Staidrimh na Tuirce
Gás Nádúrtha Leachtaithe (GNL)	N/B	6,02 CNY/kg	Institiúid Staidrimh na Tuirce
Gal	N/B	124,25 CNY/GJ	Institiúid Staidrimh na Tuirce
Uisce	N/B	4,96 CNY/m3	Oifig Infheistíochta Uachtaránacht Phoblacht na Tuirce

([43]) https://connect.ihsmarkit.com/, http://www.gtis.com/gta/secure/default.cfm.
([44]) http://www.macmap.org.

(97) Chuir an Coimisiún luach le haghaidh forchostais mhonaraíochta san áireamh chun costais a chumhdach nach n-áirítear sna tosca táirgeachta dá dtagraítear thuas. Mínítear an mhodheolaíocht sin go hiomchuí i roinn 3.2.4.9.

3.2.4.2. Amhábhair

(98) Chun praghas neamhshaofa na n-amhábhar mar a dhéantar iad a sheachadadh ag geata táirgeora de chuid na tíre ionadaíche a shuí, d'úsáid an Coimisiún an meánphraghas allmhairiúcháin ualaithe (CAL) chuig an tír ionadaíoch mar a thuairiscítear in GTA mar bhonn agus cuireadh dleachtanna allmhairiúcháin agus costais iompair intíre leis.

(99) Cinneadh praghas allmhairiúcháin sa tír ionadaíoch mar mheán ualaithe phraghsanna aonaid na n-allmhairí ó gach tríú tír gan an tSín a áireamh ná tíortha nach comhaltaí den Eagraíocht Dhomhanda Trádála iad, a liostaítear in Iarscríbhinn 1 de Rialachán (AE) 2015/755 ([45]).

(100) Chinn an Coimisiún na hallmhairí ón tSín isteach sa tír ionadaíoch a chur as an áireamh toisc gur tháinig sé ar an gconclúid i roinn 3.2.2 nach iomchuí praghsanna agus costais intíre sa tSín a úsáid toisc go bhfuil saobhadh suntasach ann i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán. De bhrí nach bhfuil aon fhianaise ann a léiríonn nach mar an gcéanna an tionchar a imríonn an saobhadh céanna ar tháirgí a bhfuil sé beartaithe iad a onnmhairiú, mheas an Coimisiún gur imir an saobhadh céanna tionchar ar phraghsanna onnmhairiúcháin. Measadh go raibh na méideanna a bhí fágtha ionadaíoch.

(101) I gcás roinnt de na tosca táirgeachta, bhí sciar diomaibhseach de na costais amhábhar iomlána sa tréimhse imscrúdúcháin i gceist leis na costais iarbhír arna dtabhú ag an dtáirgeoir allmhairiúcháin comhoibríoch. Ós rud é nach raibh aon tionchar suntasach ag an luach a úsáideadh dóibh siúd ar na ríomhanna maidir leis an gcorrlach dumpála, gan beann ar an bhfoinse a úsáideadh, chinn an Coimisiún na costais sin a áireamh le tomhaltáin mar a mhínítear in aithris (95).

(102) Chun praghas neamhshaofa na n-amhábhar a shuí, dá bhforáiltear in Airteagal 2(6a)(a), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán, chuir an Coimisiún i bhfeidhm na dleachtanna allmhairiúcháin ábhartha sa tír ionadaíoch, nó sa Mhalaeisia maidir le cólmainít mheilte agus plúr silice.

(103) An costas iompair arna thabhú ag an táirgeoir onnmhairiúcháin comhoibríoch as amhábhair a sholáthar, is mar chéatadán de chostas iarbhír na n-amhábhar sin a shloinn an Coimisiún é agus chuir sé an céatadán céanna i bhfeidhm ar chostas neamhshaofa na n-amhábhar céanna chun an costas iompair neamhshaofa a fháil. Mheas an Coimisiún go bhféadfaí, i gcomhthéacs an imscrúdaithe seo, an cóimheas idir amhábhar an táirgeora onnmhairiúcháin agus na costais iompair thuairiscithe a úsáid go réasúnta mar tháscaire chun meastachán a dhéanamh ar chostais neamhshaofa na n-amhábhar nuair a sheachadtar chuig monarcha na cuideachta iad.

(104) Mar fhreagra ar an Dara Nóta, mhaígh an gearánach gur cheart don Choimisiún bórón a áireamh mar amhábhar. Shoiléirigh an Coimisiún go soláthraítear an soláthar bóróin le cólmainít mheilte a liostaítear mar thoisc tháirgeachta sa dara nóta agus i dTábla 1 thuas. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(105) Mar fhreagra ar an dara nóta, mhaígh an gearánach gur cheart ocsaigin a chur leis mar ionchur fuinnimh agus a áireamh i ríomh an ghnáthluacha. I ndáil leis sin, thagair an gearánach d'imscrúdú a bhain le táirgí áirithe de shnáithín gloine filiméadach leanúnach inar measadh go sainráite go raibh ocsaigin ina toisc tháirgeachta. Mar sin féin, san imscrúdú reatha amhail in imscrúdú GFR, ní mheasann an Coimisiún ach na tosca táirgeachta fíoraithe uile, agus iad á sainaithint ina n-aonar nó á gcomhiomlánú sna tomhaltáin. Dá bhrí sin, tugadh neamhaird ar an maíomh.

([45]) Rialachán (AE) 2015/755. Meastar le hAirteagal 2(7) den bhun-Rialachán nach féidir praghsanna intíre sna tíortha sin a úsáid chun gnáthluach a chinneadh.

(106) Mar fhreagra ar an dara nóta, d'áitigh an gearánach gur cheart don Choimisiún léiriú ar rátaí tomhaltais na dtosca táirgeachta a nochtadh ar a laghad, lena n-áirítear an céatadán atá beartaithe aige a mheas le haghaidh tomhaltán. Soiléiríonn an Coimisiún gurb iad na tosca táirgeachta a shainaithnítear sa Chéad Nóta a grúpáladh faoi thomhaltáin is cúis le timpeall 7 % de chostas iomlán na monaraíochta san iomlán.

(107) Luaigh an gearánach freisin go raibh difríocht shuntasach idir na tosca táirgeachta a sainaithníodh in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an dara nóta (atá mar an gcéanna leo siúd i dTábla 1 thuas) agus na tosca táirgeachta arna gcur ar fáil ag tionscal an Aontais ina ghearán. Ar an gcéad dul síos, níor chuir an gearánach aon fhianaise ar fáil go mbeadh na neamhréireachtaí líomhnaithe sin neamhghnách. Ar an dara dul síos, léirítear le comparáid idir na hamhábhair a liostaítear sa chéad nóta agus sa dara nóta agus iad siúd a luaitear sa ghearán (mar shampla i ríomh an ghnáthluacha in Iarscríbhinn 32 den ghearán) go n-úsáideann an táirgeoir onnmhairiúcháin comhoibríoch na hamhábhair go léir a úsáideann tionscal an Aontais: cólmainít, caoilín, silice, aolchloch, stáirse arbhair Indiaigh, róidiam agus platanam. Soiléiríodh freisin sa dara nóta go bhfuil an táirgeoir onnmhairiúcháin ag úsáid ola arbhair Indiaigh arb ionann í agus cion diomaibhseach den chostas monaraíochta. Dá bhrí sin, is féidir teacht ar an gconclúid ansin go n-úsáideann an táirgeoir onnmhairiúcháin comhoibríoch na hamhábhair go léir a liostaítear sa ghearán. Dá bhrí sin, diúltaíodh don bharúil.

3.2.4.3. Saothar

(108) Foilsíonn Institiúid Staidrimh na Tuirce faisnéis mhionsonraithe maidir le pá in earnálacha éagsúla den gheilleagar sa Tuirc ([46]). Shuigh an Coimisiún an tagarmharc bunaithe ar an staidreamh is déanaí a bhí ar fáil a chumhdaíonn 2022 maidir le meánchostais saothair in aghaidh na huaire don ghníomhaíocht eacnamaíoch 'Monarú táirgí mianracha neamh-mhiotalacha eile' cód NACE C.23 de réir aicmiú NACE Rev.2 agus catagóir lín foirne de níos mó ná 1 000 fostaí. Rinneadh na luachanna a choigeartú a thuilleadh de réir an bhoilscithe trí úsáid a bhaint as an innéacs costais saothair a d'fhoilsigh Institiúid Staidrimh na Tuirce ([47]) chun na costais sa tréimhse imscrúdúcháin a léiriú.

3.2.4.4. Leictreachas

(109) Foilsíonn an tÚdarás Rialála Margaidh Fuinnimh (EMRA) ([48]) sa Tuirc praghas an leictreachais do chuideachtaí (úsáideoirí tionsclaíocha) sa Tuirc. D'úsáid an Coimisiún na sonraí maidir le praghsanna leictreachais tionsclaíocha ar thug EMRA sainordú lena gcur i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2023, glan ó CBL.

3.2.4.5. Gás nádúrtha

(110) Foilsíonn Institiúid Staidrimh na Tuirce praghas an gháis nádúrtha d'úsáideoirí tionsclaíocha sa Tuirc. D'úsáid an Coimisiún an praghas a bhí ar fáil don dara seimeastar de 2021 agus don chéad seimeastar de 2022 a chomhfhreagraíonn don bhanda tomhaltais 2 610 000 – 26 100 000 m^3 ([49]). Rinneadh an praghas sin a choigeartú a thuilleadh de réir an bhoilscithe trí úsáid a bhaint as an Innéacs Praghsanna Táirgeoirí a d'fhoilsigh Institiúid Staidrimh na Tuirce ([50]) agus asbhaineadh an CBL, a áirítear sa phraghas foilsithe.

([46]) Institiúid Staidrimh na Tuirce - Uaireanta oibre seachtainiúla iarbhír agus meánchostas saothair míosúil de réir gníomhaíocht eacnamaíoch agus Uaireanta oibre seachtainiúla iarbhír agus meánchostas saothair míosúil de réir stádas an chumhdaigh le comhaontú comhchoiteann agus le haicme méide fiontair: https://data.tuik.gov.tr/Kategori/GetKategori?p=istihdam-issizlik-ve-ucret-108&dil=2. An dáta deireanach ar breathnaíodh air an 18 Iúil 2024. Cuirtear na comhaid ábhartha ar fáil sa chomhad do pháirtithe leasmhara faoin uimhir shábhála: t24.005240.

([47]) Institiúid Staidrimh na Tuirce - Innéacsanna costais saothair: https://data.tuik.gov.tr/Bulten/Index?p=Labour-Input-Indices-Quarter-I:-January-March,-2024-53682. An dáta deireanach ar breathnaíodh air an 18 Iúil 2024. Cuirtear na comhaid ábhartha ar fáil sa chomhad do pháirtithe leasmhara faoin uimhir shábhála: t24.005240.

([48]) An tÚdarás Rialála Margaidh Fuinnimh (EMRA): https://www.epdk.gov.tr/Detay/Icerik/3-0-39/kurul-kararlari- An dáta deireanach ar breathnaíodh air an 18 Iúil 2024. Cuirtear na comhaid ábhartha ar fáil sa chomhad do pháirtithe leasmhara faoin uimhir shábhála: t24.005240.

([49]) Institiúid Staidrimh na Tuirce Praghsanna gáis nádúrtha tionscail de réir bandaí tomhaltais le haghaidh na tréimhse Eanáir-Meitheamh, 2022: https://data.tuik.gov.tr/Bulten/Index?p=Electricity-and-Natural-Gas-Prices-Period-I:-January-June,-2022-45567. An dáta deireanach ar breathnaíodh air an 18 Iúil 2024. Cuirtear na comhaid ábhartha ar fáil sa chomhad do pháirtithe leasmhara faoin uimhir shábhála: t24.005240.

([50]) Institiúid Staidrimh na Tuirce Innéacs praghsanna táirgeoirí intíre agus ráta athraithe: https://data.tuik.gov.tr/Bulten/Index?p=Domestic-Producer-Price-Index-June-2024-53691. An dáta deireanach ar breathnaíodh air an 18 Iúil 2024. Cuirtear na comhaid ábhartha ar fáil sa chomhad do pháirtithe leasmhara faoin uimhir shábhála: t24.005240.

3.2.4.6. Gás Nádúrtha Leachtaithe (‘GNL’)

(111) Úsáideann Henan Guangyuan cileagram mar aonad don tomhaltas GNL.

(112) Chun an praghas tagarmhairc le haghaidh GNL in CNY/kg a fháil, tiontaíodh praghas an gháis nádúrtha, atá ar fáil in CNY/m³ i dTábla 1 thuas, go CNY in aghaidh na milliún teas-aonad Briotanach (CNY/MMBtu). Is éard a bhí i gceist leis sin luach fuinnimh an gháis a chinneadh agus é a shloinneadh in MMBtu trí úsáid a bhaint as fachtóir coinbhéartachta a nglactar leis go ginearálta ([51]).

(113) Ina dhiaidh sin, cuireadh an praghas comhshóite sin in CNY/MMBtu i bhfeidhm ar an luach fuinnimh a nglactar leis go ginearálta i gcileagram amháin de GNL arna shloinneadh in MMBtu ([52]) chun praghas GNL in CNY in aghaidh an chileagraim a dhíorthú.

3.2.4.7. Gal

(114) Úsáideann Henan Guanyuan gigigiúl mar aonad le haghaidh tomhaltas gaile.

(115) Chun an tagarmharc le haghaidh gaile arna shloinneadh in CNY/GJ a fháil, rinne an Coimisiún praghas an gháis nádúrtha a thiontú ar dtús ó CNY/m³, mar a chuirtear i láthair i dTábla 1 thuas, go CNY/MMBtu agus úsáid á baint as fachtóir coinbhéartachta a nglactar leis go ginearálta ([53]) lena soláthraítear luach fuinnimh (in MMBtu) 1 mhéadar ciúbach gáis. Ar an dara dul síos, chuir sé san áireamh san éifeachtúlacht dócháin an cion de luach fuinnimh an gháis is féidir a aisghabháil mar luach fuinnimh na gaile a chinneadh. Lean an chéim sin an mhodheolaíocht a mhol Roinn Fuinnimh na Stát Aontaithe ([54]). Ar an tríú dul síos, rinneadh an t-aonad fuinnimh a thiontú ó MMBtu go GJ ag úsáid na tairisí tiontaithe fisicí.

3.2.4.8. Uisce

(116) D’fhoilsigh Oifig Infheistíochta Uachtaránacht Phoblacht na Tuirce ([55]) costas an uisce le haghaidh úsáid thionsclaíoch. D’úsáid an Coimisiún an praghas a bhí bailí in 2023 don réigiún Balikesir ina bhfuil Sisecam Elyaf lonnaithe, glan ó CBL.

3.2.4.9. Forchostais mhonaraíochta, costais SGA, brabúis

(117) De réir Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, ‘[á]ireofar sa ghnáthluach ríofa méid neamhshaofa agus réasúnach le haghaidh costais riaracháin, díola agus ghinearálta agus le haghaidh na mbrabús’. Ina theannta sin, ní mór luach le haghaidh na bhforchostas monaraíochta a shuí chun costais a chumhdach nach n-áirítear sna tosca táirgeachta dá dtagraítear thuas.

(118) Sloinneadh na forchostais mhonaraíochta arna dtabhú ag an dtáirgeoir onnmhairiúcháin comhoibríoch mar sciar de chostais na monaraíochta arna dtabhú iarbhír ag an táirgeoir onnmhairiúcháin. Cuireadh an céatadán i bhfeidhm ar chostais neamhshaofa na monaraíochta.

(119) Chun méid neamhshaofa agus réasúnach a shuí le haghaidh costais SGA agus brabúis ar leibhéal an phraghais díreach ón monarcha, bhraith an Coimisiún ar na sonraí airgeadais le haghaidh 2023 do ghrúpa Sisecam atá ar fáil go poiblí agus a dtugtar tuairisc orthu in aithrisí (84) go (86).

([51]) Foinse don luach fuinnimh in MMBtu d’aon mhéadar ciúbach amháin de ghás nádúrtha: Gás Nádúrtha MMBTU Go m3 Agus m3 Go MMBTU Áireamhán+Cairt (learnmetrics.com). Tá gabháil scáileáin de na sonraí ábhartha ar fáil sa chomhad do pháirtithe leasmhara faoin uimhir shábhála: t24.005240.

([52]) Foinse don luach fuinnimh in MMBtu d’aon chileagram amháin de GNL: Aonaid Gáis Nádúrtha Leachtaithe (GNL) a Thuiscint - Enerdynamics. Tá gabháil scáileáin de na sonraí ábhartha ar fáil sa chomhad do pháirtithe leasmhara faoin uimhir shábhála: t24.005240.

([53]) Foinse don luach fuinnimh in MMBtu d’aon mhéadar ciúbach amháin de ghás nádúrtha: Gás Nádúrtha MMBTU Go m3 Agus m3 Go MMBTU Áireamhán+Cairt (learnmetrics.com). Tá gabháil scáileáin de na sonraí ábhartha ar fáil sa chomhad do pháirtithe leasmhara faoin uimhir shábhála: t24.005240.

([54]) Foinse don éifeachtúlacht dócháin: https://www.energy.gov/eere/amo/articles/benchmark-fuel-cost-steam-generation. An dáta deireanach ar breathnaíodh air an 25 Iúil 2024. Ar fáil sa chomhad do pháirtithe leasmhara faoin uimhir shábhála: t24.006383.

([55]) Oifig Infheistíochta Uachtaránacht Phoblacht na Tuirce: https://www.invest.gov.tr/en/investmentguide/pages/costas gnó a dhéanamh.aspx – An roinn maidir leis an gcostas a bhaineann le gnó a dhéanamh. An dáta deireanach ar breathnaíodh air an 18 Iúil 2024. Tá gabháil scáileáin de na sonraí ábhartha ar fáil sa chomhad do pháirtithe leasmhara faoin uimhir shábhála: t24.005240.

(120) Maidir le Sisecam Elyaf, an chuideachta nach dtáirgeann ach snátha snáithín gloine agus táirgí sa chatagóir ghinearálta chéanna/san earnáil ghinearálta chéanna, soláthraítear leis na ráitis airgeadais atá ar fáil go poiblí le haghaidh 2023 na glandíolacháin agus an brabús ach ní áirítear iontu an fhaisnéis faoi chostas na n-earraí a dhíoltar ná costais SGA.

(121) Tá COGS ar fáil ar leibhéal na deighleoige gloine tionsclaíche den ghrúpa Sisecam.

(122) Tá gach gné de chostais SGA, seachas na glanchostais airgeadais, ar fáil go díreach ar leibhéal na deighleoige gloine tionsclaíche. Chun costais SGA a fháil le haghaidh na deighleoige gloine tionsclaíche, leithdháil an Coimisiún glanchostais airgeadais an ghrúpa Sisecam ar an deighleog trí úsáid a bhaint as láimhdeachas mar eochair leithdháilte.

(123) D'úsáid an Coimisiún costais SGA na deighleoige gloine tionsclaíche mar a ríomhtar in aithris (122) agus costas na n-earraí a dhíoltar maidir leis an deighleog thionsclaíoch agus fuair sé costas SGA arna shloinneadh mar chéatadán de chostas na n-earraí a dhíoltar de 22,67 %. Mheas an Coimisiún go mbeadh méid costas SGA réasúnta, de réir bhrí Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, le haghaidh leibhéal na trádála díreach ón monarcha mar thoradh ar an ráta sin, nuair a chuirfí i bhfeidhm é ar na costais táirgthe neamhshaofa.

(124) Chun an brabús arna shloinneadh mar chéatadán de COGS a ríomh, roinn an Coimisiún brabús Sisecam Elyaf ar COGS na deighleoige tionsclaíche a leithdháileadh ar Sisecam Elyaf agus úsáid á baint as láimhdeachas mar eochair leithdháilte. 22,44 % a bhí i gceist leis sin. Mheas an Coimisiún go mbeadh méid brabúis réasúnta, de réir bhrí Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, le haghaidh leibhéal na trádála díreach ón monarcha mar thoradh ar an ráta sin nuair a chuirfí i bhfeidhm é ar na costais táirgthe neamhshaofa.

(125) Mar fhreagra ar an dara nóta, d'iarr an gearánach ar an gCoimisiún forchostais a áireamh i ríomh an ghnáthluacha. Deimhníonn an Coimisiún, mar a mhínítear i roinn 3.2.3.9, go gcuirtear na forchostais san áireamh go deimhin agus an gnáthluach á ríomh.

3.2.5. *Ríomh an ghnáthluacha*

(126) Ar bhonn a bhfuil thuas, rinne an Coimisiún an gnáthluach a ríomh de réir chineál an táirge ar bhonn an phraghais díreach ón monarcha i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán.

(127) Ar an gcéad dul síos, shuigh an Coimisiún na costais mhonaraíochta neamhshaofa. Chuir an Coimisiún na costais aonaid neamhshaofa i bhfeidhm ar thomhaltas iarbhír thosca aonair táirgeachta an táirgeora onnmhairiúcháin chomhoibríoch. Fíoraíodh na rátaí tomhaltais sin le linn na cuairte fíorúcháin. D'iolraigh an Coimisiún na tosca úsáide faoi na costais neamhshaofa in aghaidh an aonaid a fuarthas sa tír ionadaíoch mar a shonraítear i Roinn 3.2.4.1.

(128) Ansin, chuir an Coimisiún forchostais mhonaraíochta, mar a mhínítear in aithris (118), leis an gcostas monaraíochta neamhshaofa chun teacht ar na costais táirgthe neamhshaofa.

(129) Maidir leis na costais táirgthe a suíodh mar a thuairiscítear san aithris roimhe seo, chuir an Coimisiún na costais SGA agus na céatadáin brabúis a ríomhadh in aithrisí (123) agus (124) i bhfeidhm orthu.

(130) Ar an mbonn sin, rinne an Coimisiún an gnáthluach a ríomh de réir chineál an táirge ar bhonn an phraghais díreach ón monarcha i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán.

3.2.6. *An praghas onnmhairiúcháin*

(131) Mar a mhínítear in aithris (17), chinn an Coimisiún Airteagal 18 a chur i bhfeidhm chun dumpáil a chinneadh, agus úsáid á baint as na fíorais is fearr a bhí ar fáil.

(132) Go sonrach, bhunaigh an Coimisiún a mheasúnú ar phraghsanna onnmhairiúcháin le haghaidh gach táirgeora onnmhairiúcháin eile ar an meánphraghas onnmhairiúcháin a sholáthair Eurostat agus ar shonraí díolacháin ó Henan Guangyuan, mar a mhínítear in aithris (145).

(133) Dhíol Henan Guangyuan thart ar leath dá mhéid onnmhairí go díreach le margadh an Aontais agus an leath eile trí thrádálaí neamhchomhlachaithe atá bunaithe i Hong Cong. D'fhíoraigh an Coimisiún gur seoladh na hearraí a díoladh leis an trádálaí go díreach ón tSín chuig calafort san Aontas agus, dá bhrí sin, mheas sé gur onnmhairí chuig an Aontas iad na díolacháin chomhfhreagracha.

(134) Ba é an praghas onnmhairiúcháin an praghas a íocadh iarbhír nó a bhí iníoctha le haghaidh an táirge lena mbaineann nuair a díoladh lena onnmhairiú leis an Aontas é, i gcomhréir le hAirteagal 2(8) den bhun-Rialachán.

3.2.7. *Comparáid*

(135) Ceanglaítear le hAirteagal 2(10) den bhun-Rialachán ar an gCoimisiún comparáid chothrom a dhéanamh idir an gnáthluach agus an praghas onnmhairiúcháin ar an leibhéal céanna trádála agus chun lamháltas a dhéanamh i leith difríochtaí i dtosca a dhéanann difear do phraghsanna agus d'inchomparáideacht praghsanna. Sa chás atá idir lámha, roghnaigh an Coimisiún comparáid a dhéanamh idir gnáthluach agus praghas onnmhairiúcháin Henan Guangyuan ar leibhéal na trádála díreach ón monarcha. Mar a mhínítear a thuilleadh thíos, i gcás inarb iomchuí, rinneadh an gnáthluach agus an praghas onnmhairiúcháin a choigeartú chun: (i) iad a ghlanluacháil ar ais go dtí an leibhéal díreach ón monarcha; agus (ii) lamháltas a dhéanamh i leith difríochtaí i dtosca a maíodh agus a léiríodh chun difear a dhéanamh do phraghsanna agus d'inchomparáideacht praghsanna.

3.2.7.1. Coigeartuithe a rinneadh ar an ngnáthluach

(136) Mar a mhínítear in aithris (135), suíodh an gnáthluach ar leibhéal na trádála díreach ón monarcha trí úsáid a bhaint as costais táirgthe mar aon le méideanna le haghaidh costais SGA agus brabúis, a measadh a bheith réasúnta don leibhéal trádála sin. Dá bhrí sin, ní raibh gá le coigeartuithe chun an gnáthluach a ghlanluacháil ar ais go dtí an leibhéal díreach ón monarcha.

(137) Níor aimsigh an Coimisiún aon chúis le haon lamháltas a dhéanamh i leith an ghnáthluacha, ná níor éiligh Henan Guangyuan lamháltais den sórt sin.

3.2.8. *Coigeartuithe a rinneadh ar an bpraghas onnmhairiúcháin*

(138) Chun an praghas onnmhairiúcháin a ghlanluacháil ar ais go dtí leibhéal na trádála díreach ón monarcha, rinneadh coigeartuithe mar gheall ar iompar, árachas, láimhseáil agus lódáil chomh maith le pacáil.

(139) Cuireadh san áireamh na tosca seo a leanas a rinne difear do phraghsanna agus d'inchomparáideacht praghsanna: costais bharántais agus ráthaíochta, costais chreidmheasa agus táillí bainc.

(140)

3.2.8.1. Corrlaigh dhumpála

(141) Mar a mhínítear in aithris (17), chinn an Coimisiún Airteagal 18 a chur i bhfeidhm chun dumpáil a chinneadh, seachas i gcás an táirgeora onnmhairiúcháin chomhoibríoch, Henan Guangyuan, ar ríomhadh corrlach aonair ina leith.

(142) Maidir le Henan Guangyuan, rinne an Coimisiún comparáid idir meán-ghnáthluach ualaithe gach cineáil den táirge comhchosúil agus an meánphraghas onnmhairiúcháin ualaithe a bhaineann le cineál comhfhreagrach an táirge ábhartha, i gcomhréir le hAirteagal 2(11) agus (12) den bhun-Rialachán.

(143) Ar an mbonn sin, is é seo a leanas an meánchorrlach dumpála ualaithe sealadach arna shloinneadh mar chéatadán de phraghas CAL ag teorann an Aontais, roimh dhleacht a íoc:

Cuideachta	Corrlach dumpála sealadach
Henan Guangyuan New Material Co., Ltd.	26,3 %

(144) Maidir le gach táirgeoir onnmhairiúcháin eile, shuigh an Coimisiún an corrlach dumpála ar bhonn na bhfíoras a bhí ar fáil, i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán. Chuige sin, chinn an Coimisiún leibhéal comhair na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin ar dtús. Mar a mhínítear in aithris (16), ba é [4,5 – 9 %] an leibhéal comhair arna shloinneadh mar chion d'iomlán na n-allmhairí ón tSín chuig an Aontas, rud a mheastar a bheith an-íseal.

(145) I bhfianaise leibhéal íseal an chomhair, chinn an Coimisiún an corrlach dumpála do gach cuideachta eile bunaithe ar na fíorais a bhí ar fáil. Chun na fíorais ab fhearr a bhí ar fáil a shuí, bhain an Coimisiún úsáid as na sonraí a sholáthair an táirgeoir onnmhairiúcháin comhoibríoch, ós rud é gur cheadaigh sé ríomh ar leibhéal an chineáil táirge. Sa tacar sonraí sin, roghnaigh an Coimisiún an cineál táirge is mó a dhíol an táirgeoir onnmhairiúcháin comhoibríoch agus tionscal an Aontais araon ar mhargadh an Aontais. ([56]) Thug an Coimisiún dá aire go raibh an meánphraghas allmhairiúcháin ón tSín (Tábla 4) ar leibhéal CAL faoi bhun mheánphraghas onnmhairiúcháin an táirgeora onnmhairiúcháin chomhoibríoch ar an leibhéal trádála sin. Chun é sin a léiriú, roghnaigh an Coimisiún líon ionadaíoch idirbheart laistigh den chineál táirge a roghnaíodh (arb é is cúis le [15-25] % d'onnmhairí an táirgeora onnmhairiúcháin chuig an Aontas) i gcás ina raibh an praghas onnmhairiúcháin faoi bhun an mheáin don chineál táirge sin arna dhíol ag an táirgeoir onnmhairiúcháin. Is é tuairim an Choimisiúin, bunaithe ar an anailís ar an bhfaisnéis theoranta a chuirtear ar fáil leis na staitisticí allmhairiúcháin agus na sonraí a sholáthair an t-aon táirgeoir onnmhairiúcháin comhoibríoch amháin, gur léiríodh leis na hidirbhearta sin ionadaí réasúnta maidir le hiompraíocht dumpála na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin neamh-chomhoibríocha.

(146) Is iad seo a leanas na corrlaigh dhumpála shealadacha, arna sloinneadh mar chéatadán de phraghas CAL ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht a íoc:

Cuideachta	Corrlach dumpála sealadach
Henan Guangyuan New Material Co., Ltd.	26,3 %
Na hallmhairí uile eile de thionscnamh na Síne	56,1 %

4. **DÍOBHÁIL**

4.1. **Sainiú ar thionscal an Aontais agus ar tháirgeacht an Aontais**

(147) Rinne dhá tháirgeoir san Aontas an táirge comhchosúil a mhonarú le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Is iad atá i gceist le 'tionscal an Aontais' de réir bhrí Airteagal 4(1) den bhun-Rialachán.

(148) Suíodh go raibh táirgeacht iomlán an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin thart ar [85 000 – 95 000] tona. Shuigh an Coimisiún an figiúr ar bhonn shonraí fíoraithe an dá tháirgeoir shampláilte de chuid an Aontais, arb ionann iad agus 100 % den táirgeacht.

4.2. **Margadh ábhartha an Aontais a chinneadh**

(149) Chun a shuí ar bhain díobháil do thionscal an Aontais agus chun an tomhaltas agus na táscairí eacnamaíocha éagsúla i ndáil le staid thionscal an Aontais a chinneadh, scrúdaigh an Coimisiún ar ghá, agus a mhéid ba ghá, an úsáid a baineadh as táirgeacht thionscal an Aontais i gcás an táirge chomhchosúil a chur san áireamh san anailís.

(150) Chinn an Coimisiún go raibh cuid mhór de tháirgeacht na dtáirgeoirí san Aontas beartaithe le haghaidh úsáid faoi chuing.

(151) Is ábhartha an t-idirdhealú idir margadh faoi chuing agus saormhargadh a mhéid a bhaineann leis an anailís díobhála toisc nach nochtar táirgí atá beartaithe le haghaidh úsáid faoi chuing d'iomaíocht dhíreach ó allmhairí. I gcodarsnacht leis sin, tá an táirgeacht a bhfuil sé beartaithe í a dhíol ar an saormhargadh in iomaíocht dhíreach leis an táirge lena mbaineann.

(152) Tá na sonraí maidir le gníomhaíocht iomlán snátha snáithín gloine thionscal an Aontais faighte agus fíoraithe ag an gCoimisiún agus chinn sé an raibh an táirgeacht dírithe ar úsáid faoi chuing nó ar an saormhargadh. De thairbhe fhíorú na sonraí don dá tháirgeoir a bhfuil 100 % de tháirgeacht snátha snáithín gloine an Aontais acu, bhí an Coimisiún in ann léargas iomlán a fháil.

([56]) Bhain cineál táirge leis na hidirbhearta sin uile arbh é is cúis le thart ar [50-60] % d'onnmhairí Henan Guangyuan chuig an Aontas agus thart ar [40-50] % de dhíolacháin thionscal an Aontais.

(153) Scrúdaigh an Coimisiún táscairí eacnamaíocha áirithe a bhaineann le tionscal an Aontais ar bhonn sonraí maidir leis an saormhargadh. Is iad seo na táscairí sin: an méid díolachán agus praghsanna díola ar mhargadh an Aontais; sciar den mhargadh; fás; méid agus praghsanna onnmhairiúcháin; brabúsacht; toradh ar infheistíocht; agus sreabhadh airgid. I gcás inarbh fhéidir agus ina raibh údar leis, cuireadh torthaí an scrúdaithe i gcomparáid leis na sonraí maidir leis an margadh faoi chuing chun léargas iomlán a thabhairt ar staid thionscal an Aontais.

(154) Mar sin féin, ní fhéadfaí scrúdú fóinteach a dhéanamh ar tháscairí eacnamaíocha eile ach amháin trí thagairt a dhéanamh don ghníomhaíocht iomlán, lena n-áirítear úsáid faoi chuing thionscal an Aontais. Is iad sin: táirgeacht; acmhainneacht, úsáid acmhainneachta; infheistíochtaí; stoic; fostaíocht; táirgiúlacht; tuarastail; agus cumas caipiteal a chruinniú. Tá siad ag brath ar an ngníomhaíocht iomlán, bíodh an táirgeacht faoi chuing nó arna díol ar an saormhargadh.

4.3. **Tomhaltas an Aontais**

(155) Shuigh an Coimisiún tomhaltas an Aontais ar bhonn an méid seo a leanas:

— díolacháin fhíoraithe an dá tháirgeoir de chuid an Aontais;

— faisnéis arna soláthar ag an ngearánach;

— na hallmhairí ón tír lena mbaineann agus ó gach tríú tír eile, bunaithe ar shonraí ó bhunachar sonraí Comext Eurostat agus arna gcoigeartú i gcomhar le roinnt údaráis náisiúnta chustaim chun táirgí eile, arna n-allmhairiú faoi na cóid tráchtearraí chéanna nárbh iad an táirge lena mbaineann iad, a eisiamh. Sholáthair na húdaráis náisiúnta chustaim liosta idirbheart don tréimhse faoi bhreathnú a chuir ar chumas an Choimisiúin an táirge lena mbaineann a shainaithint laistigh de na cóid chustaim níos leithne. Rinneadh méideanna na n-allmhairí a choigeartú ansin ar bhonn na faisnéise sin maidir le hallmhairí ón tSín agus maidir le hallmhairí ó thríú tíortha. Míníodh an coigeartú sin go mion do pháirtithe leasmhara i nóta a ghabhann leis an gcomhad an 10 Iúil 2024. Chuir an gearánach barúlacha isteach maidir leis an nóta ach níor cheistigh sé modheolaíocht an choigeartaithe. Níor chuir aon pháirtí leasmhar eile barúlacha isteach maidir leis an nóta.

(156) Chinn an Coimisiún freisin go raibh thart ar [55 %-65 %] de tháirgeacht iomlán tháirgeoirí an Aontais (nach léirítear i dtomhaltas an Aontais agus i dtáscairí eacnamaíocha eile a leagtar amach sa Rialachán seo) dírithe ar úsáid faoi chuing le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(157) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar thomhaltas an Aontais:

Tábla 2

Tomhaltas an Aontais (tonaí)

	2020	2021	2022	An tréimhse imscrúdúcháin
Tomhaltas iomlán an Aontais	[120 000 – 140 000]	[133 000 – 153 000]	[158 000 – 178 000]	[98 000 – 118 000]
Innéacs	100	111	128	83
Margadh faoi chuing	[70 000 – 80 000]	[73 000 – 83 000]	[73 000 – 83 000]	[58 000 – 68 000]
Innéacs	100	105	104	83
An saormhargadh	[50 000 – 60 000]	[60 000 – 70 000]	[85 000 – 95 000]	[40 000 – 50 000]
Innéacs	100	119	162	85

Foinse: freagraí tháirgeoirí an Aontais ar an gceistneoir, Eurostat agus sonraí breise arna soláthar ag na húdaráis chustaim náisiúnta.

(158) Tháinig méadú suntasach 62 % ar thomhaltas an Aontais ó 2020 go 2022, ach tháinig laghdú air le linn na tréimhse imscrúdúcháin, rud a léiríonn laghdú foriomlán ar thomhaltas le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

4.4. **Allmhairí ón tír lena mbaineann**

4.4.1. *Méid agus sciar de mhargadh na n-allmhairí ón tír lena mbaineann*

(159) Shuigh an Coimisiún méid na n-allmhairí ar bhonn sonraí ó Eurostat agus rinne sé é a choigeartú i gcomhar le roinnt údaráis náisiúnta chustaim mar a mhínítear in aithris (155). Suíodh an sciar den mhargadh a bhí ag na hallmhairí trí mhéid na n-allmhairí a chur i gcomparáid le tomhaltas mhargadh an Aontais (féach tábla 2).

(160) Is mar seo a leanas a tháinig forbairt ar allmhairí isteach san Aontas ón tSín:

Tábla 3

Méid na n-allmhairí agus sciar den mhargadh

	2020	2021	2022	An tréimhse imscrúdúcháin
Méid na n-allmhairí ón tSín (tonnaí)	10 654	14 283	30 892	15 163
Innéacs	100	134	290	142
Sciar den mhargadh	[15 % - 25 %]	[20 % - 30 %]	[30 % - 40 %]	[30 % - 40 %]
Innéacs	100	113	179	168

Foinse: Eurostat agus sonraí breise arna soláthar ag na húdaráis chustaim náisiúnta.

(161) Léirítear sa tábla thuas, i ndearbhfhigiúirí, gur tháinig méadú 42 % ar na hallmhairí ón tSín le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Léirigh an méadú foriomlán i ndearbhfhigiúirí buaicphointe in 2022 inar tháinig méadú níos mó ná faoi dhó ar na hallmhairí. Ag an am céanna, tháinig méadú 68 % ar an sciar iomlán den mhargadh a bhí ag allmhairí na Síne isteach san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

4.4.2. *Praghsanna na n-allmhairí ón tSín agus sladghearradh praghais*

(162) Shuigh an Coimisiún praghsanna na n-allmhairí ar bhonn shonraí fíoraithe Eurostat agus sonraí breise arna soláthar ag na húdaráis chustaim náisiúnta.

(163) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar mheánphraghas ualaithe na n-allmhairí isteach san Aontas ón tír lena mbaineann:

Tábla 4

Praghsanna na n-allmhairí (EUR/tona)

	2020	2021	2022	An tréimhse imscrúdúcháin
Praghsanna na n-allmhairí ón tSín	1 363	1 624	2 163	1 720
Innéacs	100	119	159	126

Foinse: Eurostat agus sonraí breise arna soláthar ag na húdaráis chustaim náisiúnta.

(164) Léirítear sa tábla thuas gur tháinig méadú 26 % ar na praghsanna allmhairiúcháin ón tSín le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Léirigh an méadú foriomlán i ndearbhfhigiúirí buaicphointe in 2022 ina raibh na praghsanna 59 % os cionn an phraghais ag tús na tréimhse faoi bhreathnú.

(165) Chinn an Coimisiún an sladghearradh praghais le linn na tréimhse imscrúdúcháin trí chomparáid a dhéanamh idir na nithe seo a leanas:

(1) na meánphraghsanna díola ualaithe in aghaidh chineál táirge na dtáirgeoirí san Aontas arna ngearradh ar chustaiméirí neamhchomhlachaithe ar mhargadh an Aontais, arna gcoigeartú de réir an phraghais díreach ón monarcha; agus

(2) na meánphraghsanna ualaithe comhfhreagracha in aghaidh an chineáil táirge i gcás na n-allmhairí ó Henan Guangyuan arna ngearradh ar an gcéad chustaiméir neamhspleách ar mhargadh an Aontais, arna suí ar bhonn costais, árachais agus last-táille (CAL), mar aon le coigeartuithe iomchuí de réir dleachtanna custaim agus costais iar-allmhairiúcháin.

(166) Rinneadh an chomparáid praghsanna ar bhonn cineál ar chineál le haghaidh idirbhearta ar an leibhéal trádála céanna, tar éis lacáistí agus lascainí a asbhaint. Sloinneadh toradh na comparáide mar chéatadán de láimhdeachas teoiriciúil na dtáirgeoirí san Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Léirigh sé go raibh meánchorrlach sladghearrtha ualaithe idir 0 % agus 34,4 % i gceist leis na hallmhairí ón tír lena mbaineann ar mhargadh an Aontais. Fuarthas amach go bhfuil sladghearradh i gceist le 99,9 % de mhéideanna na n-allmhairí. Chuir an Coimisiún praghas na n-allmhairí ón tSín chuig an Aontas ar bhonn sonraí Eurostat i gcomparáid freisin le meánphraghas gach cineáil táirge a dhíolann táirgeoirí an Aontais le custaiméirí neamhchomhlachaithe. Léiríodh sa ríomh sin go bhfuil praghsanna na Síne 15,4 % faoi bhun phraghsanna thionscal an Aontais agus dá bhrí sin chomhthacaigh siad leis an toradh ar shladghearradh praghais arna ríomh agus mar a leagtar amach in aithris (165).

(167) Thairis sin, chomh maith leis an toradh ar shladghearradh, thug an Coimisiún dá aire freisin gur laghdaigh na hallmhairí dumpáilte praghsanna thionscal an Aontais. Go deimhin, mar a leagtar amach i dTábla 8, sa tréimhse imscrúdúcháin bhí ar thionscal an Aontais a phraghsanna díola a ísliú go leibhéal a bhí faoi bhun a chostais táirgthe fiú chun go mbeadh sé in ann a tháirgí a dhíol.

4.5. **Staid eacnamaíoch thionscal an Aontais**

4.5.1. *Barúlacha ginearálta*

(168) I gcomhréir le hAirteagal 3(5) den bhun-Rialachán, sa scrúdú ar thionchar na n-allmhairí dumpáilte ar thionscadal an Aontais, áiríodh meastóireacht ar na táscairí eacnamaíocha uile a raibh baint acu le staid thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(169) Maidir le cinneadh na díobhála, rinne an Coimisiún idirdhealú idir táscairí díobhála maicreacnamaíocha agus micreacnamaíocha. Ós rud é gur fhíoraigh an Coimisiún sonraí an dá tháirgeoir de chuid an Aontais a bhfuil 100 % de tháirgeacht an Aontais acu, rinne an Coimisiún meastóireacht ar na táscairí maicreacnamaíocha agus ar na táscairí micreacnamaíocha ar bhonn na sonraí sin.

(170) Is mar seo a leanas na táscairí maicreacnamaíocha: táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta, úsáid acmhainneachta, an méid díolachán, an sciar den mhargadh, fás, fostaíocht, táirgiúlacht, méid an chorrlaigh dumpála agus téarnamh ó dhumpáil roimhe sin.

(171) Is mar seo a leanas na táscairí micreacnamaíocha: meánphraghsanna in aghaidh an aonaid, costas aonaid, costais saothair, fardail, brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí, an toradh ar infheistíochtaí agus an cumas caipiteal a chruinniú.

4.5.2. *Táscairí maicreacnamaíocha*

4.5.2.1. Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

(172) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar tháirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta iomlán an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 5

Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

	2020	2021	2022	An tréimhse imscrúdúcháin
Méid táirgeachta (tonaí)	[100 000 – 120 000]	[100 000 – 120 000]	[100 000 – 120 000]	[80 000 – 100 000]
Innéacs	100	104	104	78
Acmhainneacht táirgeachta (tonaí)	[130 000 – 150 000]	[130 000 – 150 000]	[130 000 – 150 000]	[130 000 – 150 000]
Innéacs	100	102	102	107
Úsáid acmhainneachta	[80 % - 90 %]	[80 % - 90 %]	[80 % - 90 %]	[60 % - 70 %]
Innéacs	100	103	102	73

Foinse: freagraí fíoraithe ar an gceistneoir.

(173) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, ar dtús tháinig méadú 4 % ar mhéid táirgeachta Thionscal an Aontais in 2021, d'fhan sé cobhsaí in 2022 agus ansin thit sé go substaintiúil go leibhéal 22 % níos ísle ná mar a bhí in 2020.

(174) Tagraíonn an acmhainneacht thuairiscithe don acmhainneacht shuiteáilte, ar tháinig méadú 7 % uirthi le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Tá saoráidí táirgthe snátha snáithín gloine faoi réir cothabhála rialta gach 5 bliana. Áirítear leis sin teicneolaíocht áirithe a thabhairt cothrom le dáta go rialta, rud ba chúis leis an méadú acmhainneachta sin.

(175) Bhí an úsáid acmhainneachta ar ardleibhéal [80 %-90 %] le linn na mblianta 2020, 2021 agus 2022, agus tháinig laghdú substaintiúil uirthi go [60 %-70 %] le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Cé gur tháinig méadú 3 % ar an úsáid acmhainneachta ar dtús in 2021, thit sí beagán in 2022 agus thit sí go suntasach le linn na tréimhse imscrúdúcháin, go leibhéal 27 % faoi bhun luach 2020.

4.5.2.2. An méid díolachán agus an sciar den mhargadh

(176) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar an méid díolachán a bhí ag tionscal an Aontais agus a sciar den mhargadh le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 6

An méid díolachán agus an sciar den mhargadh

	2020	2021	2022	An tréimhse imscrúdúcháin
An méid díolachán ar mhargadh an Aontais (tonaí)	[20 000 – 40 000]	[20 000 – 40 000]	[20 000 – 40 000]	[10 000 – 30 000]
Innéacs	100	102	104	74

	2020	2021	2022	An tréimhse imscrúdúcháin
Sciar den mhargadh	[40-50 %]	[35-45 %]	[25-35 %]	[35-45 %]
Innéacs	100	85	64	88

Foinse: Freagraí fíoraithe ar an gceistneoir agus Eurostat

(177) Tháinig méadú mall ar dhíolacháin thionscal an Aontais ó 2020 go 2022 ach tháinig laghdú suntasach orthu le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Sa tréimhse imscrúdúcháin, tháinig laghdú 29 % orthu i gcomparáid le 2022 agus shroich siad leibhéal a bhí 26 % faoi bhun an leibhéil a bhí ann ag tús na tréimhse faoi bhreathnú.

(178) D'fhorbair an sciar den mhargadh ar bhealach difriúil. D'ainneoin an mhéadaithe ar an méid ó 2020 go 2022, chaill tionscal an Aontais 36 % den sciar den mhargadh a bhí aige ar dtús. Ní fhéadfadh sé ach an sciar sin den mhargadh a fháil ar ais go páirteach sa tréimhse imscrúdúcháin, agus cailleadh 22 % dá sciar den mhargadh fós le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

4.5.2.3. Fás

(179) Tháinig méadú ar thomhaltas an Aontais ó 2020 go 2022 agus ansin léiríodh laghdú suntasach ina leith sa tréimhse imscrúdúcháin, rud a d'fhág gur tháinig laghdú iomlán air le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Chaill tionscal an Aontais a sciar den mhargadh cé gur tháinig méadú ar an tomhaltas agus ní fhéadfadh sé ach a sciar den mhargadh a fháil ar ais go páirteach le linn an laghdaithe ar thomhaltas sa tréimhse imscrúdúcháin.

4.5.2.4. Fostaíocht agus táirgiúlacht

(180) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar fhostaíocht agus táirgiúlacht le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 7

Fostaíocht agus táirgiúlacht

	2020	2021	2022	An tréimhse imscrúdúcháin
An líon fostaithe (FTE)	[1 200 – 1 400]	[1 200 – 1 400]	[1 200 – 1 400]	[1 200 – 1 400]
Innéacs	100	103	103	95
Táirgiúlacht (tonaí/fostaí)	[80 – 100]	[80 – 100]	[80 – 100]	[70 – 90]
Innéacs	100	101	101	82

Foinse: freagraí fíoraithe ar an gceistneoir.

(181) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú léirigh an fhostaíocht méadú measartha 3 % ar an bhfostaíocht in 2021, d'fhan sí cobhsaí in 2022 agus tháinig laghdú uirthi le linn na tréimhse imscrúdúcháin go leibhéal atá 5 % faoi bhun an leibhéil a bhí ann ag tús na tréimhse faoi bhreathnú. Léirigh an táirgiúlacht le linn na tréimhse faoi bhreathnú méadú measartha 1 % in 2021, d'fhan sí cobhsaí in 2022 agus tháinig laghdú uirthi sa tréimhse imscrúdúcháin go leibhéal atá 18 % faoi bhun an leibhéil a bhí ann ag tús na tréimhse faoi bhreathnú.

4.5.2.5. Méid an chorrlaigh dumpála agus téarnamh ó dhumpáil a tharla roimhe seo

(182) Bhí na corrlaigh dhumpála uile go mór os cionn an leibhéil de minimis. Ba mhór an tionchar a bhí ag méid na gcorrlach dumpála iarbhír ar thionscal an Aontais, i bhfianaise mhéid agus phraghsanna na n-allmhairí ón tír lena mbaineann.

(183) Is é seo an chéad imscrúdú frithdhumpála maidir leis an táirge lena mbaineann. Dá bhrí sin, ní raibh aon sonraí ar fáil chun measúnú a dhéanamh ar na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag dumpáil san am atá thart.

4.5.3. *Táscairí micreacnamaíocha*

4.5.3.1. Praghsanna agus tosca lena ndéantar difear do phraghsanna

(184) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar mheánphraghsanna díola aonaid ualaithe na dtáirgeoirí san Aontas le custaiméirí neamhchomhlachaithe san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 8

Praghsanna díola san Aontas

	2020	2021	2022	An tréimhse imscrúdúcháin
An meánphraghas díola aonaid san Aontas ar an margadh iomlán (EUR/tona)	[1 500 – 1 600]	[1 700 – 1 800]	[2 400 – 2 500]	[2 150 – 2 250]
Innéacs	100	111	154	141
Costas aonaid an táirgthe (EUR/tona)	[1 190 – 1 240]	[1 300 – 1 350]	[1 800 – 1 850]	[2 280 – 2 330]
Innéacs	100	110	151	191

Foinse: freagraí fíoraithe ar an gceistneoir.

(185) Léirítear sa tábla thuas forbairt an phraghais díola aonaid ar mhargadh an Aontais i gcomparáid leis an gcostas táirgthe comhfhreagrach. Bhí praghsanna díola níos airde ar an meán ná costas aonaid an táirgthe le haghaidh na mblianta ó 2020 go 2022. Sa tréimhse imscrúdúcháin, thit an meánphraghas díola faoi bhun chostas aonaid an táirgthe.

(186) Ba é an phríomhthoisc a raibh tionchar aici ar an bpraghas ó 2020 go 2022 an méadú ar chostas amhábhair agus fuinnimh. Sa tréimhse imscrúdúcháin, tháinig laghdú ar phraghas díola thionscal an Aontais i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin agus tháinig méadú mór ar a chostas táirgthe.

4.5.3.2. Costais saothair

(187) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar mheánchostais saothair tháirgeoirí an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 9

Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí

	2020	2021	2022	An tréimhse imscrúdúcháin
Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí (EUR)	[23 000 – 26 000]	[24 000 – 27 000]	[28 000 – 31 000]	[31 000 – 34 000]
Innéacs	100	105	118	130

Foinse: freagraí fíoraithe ar an gceistneoir.

(188) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig méadú seasta ar an meánphá in aghaidh an fhostaí, sin é, 30 % thar an tréimhse iomlán.

4.5.3.3. Fardail

(189) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar leibhéil stoic tháirgeoirí an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 10

Fardail

	2020	2021	2022	An tréimhse imscrúdúcháin
Stoic dheiridh (tonaí)	[4 500 – 5 500]	[4 500 – 5 500]	[7 500 – 8 500]	[4 500 – 5 500]
Innéacs	100	104	172	113
Stoic dheiridh mar chéatadán den táirgeacht	[4 %- 5 %]	[4 %- 5 %]	[6 %- 7 %]	[5 %- 6 %]
Innéacs	100	100	164	144

Foinse: freagraí fíoraithe ar an gceistneoir.

(190) Tháinig méadú 13 % ar na leibhéil stoic le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Cé nár tháinig ach méadú beag ar an stoc in 2021 i ndáil leis an méadú ar tháirgeacht, bhí méadú suntasach ann in 2022. Tháinig laghdú suntasach ar an leibhéal stoic le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

4.5.3.4. Brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí, an toradh ar infheistíochtaí agus an cumas caipiteal a chruinniú

(191) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar bhrabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí agus an toradh ar infheistíochtaí ag táirgeoirí an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 11

Brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí agus toradh ar infheistíochtaí

	2020	2021	2022	An tréimhse imscrúdúcháin
Brabúsacht díolachán san Aontas le custaiméirí neamhchomhlachaithe (% de láimhdeachas na ndíolachán)	[13 % - 17 %]	[13 % - 17 %]	[16 % - 18 %]	[(- 22 %) - (- 18 %)]
Innéacs	100	98	111	- 129
Sreabhadh airgid (EUR)	[20 000 000 – 23 000 000]	[20 000 000 – 23 000 000]	[20 000 000 – 23 000 000]	[6 000 000 – 8 000 000]
Innéacs	100	96	104	31

	2020	2021	2022	An tréimhse imscrúdúcháin
Infheistíochtaí (EUR)	[15 000 000 – 16 000 000]	[21 000 000 – 23 000 000]	[21 000 000 – 23 000 000]	[14 000 000 – 15 000 000]
Innéacs	100	145	141	91
Toradh ar infheistíochtaí	[1 % - 3 %]	[1 % - 3 %]	[3 % - 5 %]	[(- 4 %) – (- 3 %)]
Innéacs	100	106	175	- 120

Foinse: freagraí fíoraithe ar an gceistneoir.

(192) Shuigh an Coimisiún brabúsacht tháirgeoirí an Aontais trí ghlanbhrabús roimh cháin ó dhíolacháin an táirge chomhchosúil le custaiméirí neamhchomhlachaithe san Aontas a shloinneadh mar chéatadán de láimhdeachas na ndíolachán sin. Bhí an bhrabúsacht dearfach le linn na tréimhse faoi bhreathnú ó 2020 go 2022, agus taifeadadh na brabúis is airde in 2022. Sa tréimhse imscrúdúcháin, áfach, d'iompaigh an brabús ina chaillteanas suntasach.

(193) Is ionann an glansreabhadh airgid agus cumas tháirgeoirí an Aontais a ngníomhaíochtaí a fhéinmhaoiniú. D'fhorbair an treocht i nglansreabhadh airgid réasúnta cobhsaí ó 2020 go 2022, le laghdú beag in 2021 agus forbairt dhearfach in 2022. In 2023, áfach, tháinig laghdú suntasach ar an sreabhadh airgid.

(194) Cé go raibh infheistíochtaí réasúnta íseal ag tús na tréimhse, tháinig méadú 45 % orthu in 2021 agus níor tháinig ach laghdú beag orthu in 2022. Sa tréimhse imscrúdúcháin, áfach, tháinig laghdú suntasach ar infheistíochtaí. Bhain formhór na hinfheistíochta le cothabháil agus nuachóiriú na línte táirgthe arb é is aidhm dóibh fad saoil na ngléasraí a mhéadú agus an táirgeadh a choinneáil cothrom le dáta. Ní dhearnadh aon infheistíocht in acmhainneacht nua snátha snáithín gloine ag táirgeoirí an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú, seachas roinnt gnóthachain acmhainneachta trí nuachóiriú. Tá an laghdú ar infheistíocht sa tréimhse imscrúdúcháin ceangailte le moill ar chothabháil.

(195) Is éard atá sa toradh ar infheistíochtaí an brabús mar chéatadán de ghlanluach na n-infheistíochtaí de réir na leabhar. I gcomhréir leis an mbrabúsacht, bhí an toradh ar infheistíocht dearfach ó 2020 go 2022 ach bhí sé diúltach sa tréimhse imscrúdúcháin.

(196) Ní dhearnadh difear do chumas tháirgeoirí an Aontais caipiteal a chruinniú le linn na tréimhse faoi bhreathnú toisc go dtáirgeann siad táirgí díorthacha brabúsacha ag úsáid snátha snáithín gloine mar ionchur.

4.6. **Conclúid maidir le díobháil**

(197) Cé gur léirigh formhór na dtáscairí díobhála treocht dhearfach idir 2020 agus 2022, chaill tionscal an Aontais sciar suntasach den mhargadh le linn na tréimhse sin. Tháinig laghdú 34 % ar a sciar den mhargadh go dtí 2022. Mar thoradh ar an bhforbairt sa tréimhse imscrúdúcháin, tháinig treocht dhiúltach chun cinn le linn na tréimhse faoi bhreathnú maidir le gach táscaire díobhála. Tháinig laghdú 22 % agus 26 % ar an méid táirgeachta agus ar an méid díolachán faoi seach. Bhí an caillteanas sa mhéid díolachán chomh substaintiúil sin gur tháinig laghdú 12 % ar sciar den mhargadh thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú, d'ainneoin go bhfuair sé sciar éigin den mhargadh ar ais sa tréimhse imscrúdúcháin.

(198) Ar an gcaoi chéanna, léirigh praghas díola aonaid na bpríomhtháscairí airgeadais, brabúsacht, sreabhadh airgid agus toradh ar infheistíocht treocht dhearfach sna blianta ó 2020 go 2022, ach mar gheall ar laghduithe substaintiúla sa tréimhse imscrúdúcháin, léiríodh treocht dhiúltach a léirigh an cúngú nach beag ar phraghsanna ar mhargadh an Aontais mar a léirítear i dTábla 8. Tháinig méadú suntasach ar na praghsanna díola aonaid ó 2020 go 2022, rud a léirigh ní hamháin na méaduithe substaintiúla ar chostas táirgthe sa tréimhse sin, ach a chuir ar chumas thionscal an Aontais a bhrabús a fheabhsú freisin. Sa tréimhse imscrúdúcháin, áfach, tháinig laghdú ar a bpraghas díola go leibhéal faoi bhun an chostais táirgthe. Dá thoradh sin, d'athraigh brabúsacht thionscal an Aontais ó bhrabús [13 % - 17 %] in 2020 go caillteanas [(-22 %) - (- 18 %)] sa tréimhse imscrúdúcháin. Feictear éifeachtaí diúltacha comhchosúla sa sreabhadh airgid agus sa toradh ar infheistíocht.

(199) Ar bhonn an mhéid thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid ag an gcéim sin gur bhain díobháil ábhartha do thionscal an Aontais de réir bhrí Airteagal 3(5) den bhun-Rialachán sa tréimhse imscrúdúcháin i bhfoirm díobhála méideanna, sochtadh praghsanna agus caillteanas airgeadais.

5. **CÚISÍOCHT**

(200) I gcomhréir le hAirteagal 3(6) den bhun-Rialachán, scrúdaigh an Coimisiún an ndearnadh díobháil ábhartha do thionscal an Aontais de dheasca na n-allmhairí dumpáilte ón tír lena mbaineann. I gcomhréir le hAirteagal 3(7) den bhun-Rialachán, scrúdaigh an Coimisiún freisin an bhféadfadh sé go ndearna tosca aitheanta eile dochar do thionscal an Aontais san am céanna. Aon díobháil fhéideartha, ar tosca eile ba chúis léi seachas na hallmhairí dumpáilte ón tír lena mbaineann, d'áirithigh an Coimisiún nár cuireadh an díobháil sin síos do na hallmhairí dumpáilte. Seo a leanas na tosca sin: úsáid faoi chuing, méadú ar chostas táirgthe, allmhairí ó thríú tíortha eile agus laghdú ar thomhaltas le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

5.1. **Éifeachtaí na n-allmhairí dumpáilte**

(201) Sna blianta ó 2020 go 2022, tháinig méadú suntasach 290 % ar allmhairí na Síne i ndearbhmhéideanna. Sa bhliain 2022 amháin, an bhliain roimh an tréimhse imscrúdúcháin, tháinig méadú níos mó ná dhá oiread ar onnmhairí na Síne ó 14 000 tona in 2021 go dtí an leibhéal is airde riamh, is é sin 31 000 tona in 2022, ar phraghsanna a bhí níos ísle ná praghsanna thionscal an Aontais. Mhéadaigh allmhaireoirí na Síne a sciar den mhargadh go substaintiúil ó [15-25] % in 2020 go [30-40] % in 2022.

(202) An tráth céanna, tháinig méadú ar an tomhaltas ó 2021 go 2022 ó [60 000 – 70 000] tona go dtí an leibhéal is airde riamh, is é sin [85 000 – 95 000] tona. Ba é éifeacht an tomhaltais aird sin go bhféadfadh táirgeoirí an Aontais in 2022 leanúint de bheith ag díol cainníochtaí ar phraghsanna brabúsacha agus dá bhrí sin ní dhearnadh aon díobháil sa bhliain 2022 d'ainneoin mhéid ard na n-allmhairí agus an chaillteanais i sciar de mhargadh thionscal an Aontais.

(203) Mar sin féin, tháinig laghdú substaintiúil ar an tomhaltas le linn na tréimhse imscrúdúcháin go dtí [40 000 – 50 000] tona, a raibh laghdú 47,7 % i gceist leis i gcomparáid le 2022. An tráth céanna, choinnigh onnmhaireoirí na Síne sciar ard [30-40] % den mhargadh le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Cé gur tháinig laghdú beag 2 phointe céatadáin ar an sciar de mhargadh na Síne idir 2022 agus an tréimhse imscrúdúcháin, i gcomparáid lena sciar [15-25] % den mhargadh ag tús na tréimhse faoi bhreathnú, is méadú 68 % nó 14 phointe céatadáin é sin le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Mar éifeacht, sa tréimhse imscrúdúcháin níorbh fhéidir le tionscal an Aontais na méideanna a dhíol siad sna blianta roimhe sin a dhíol a thuilleadh, agus b'éigean dóibh a bpraghsanna díola a laghdú fiú chun go mbeidís in ann na méideanna ísle díolachán sin a dhíol. Cé gur tháinig méadú mall ar a méid díolachán ó 2020 go 2022, tháinig laghdú substaintiúil air le linn na tréimhse imscrúdúcháin ó [20 000 – 40 000] tona in 2022 go [10 000 – 30 000] tona le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Mhínigh tionscal an Aontais gurb é is cúis leis an laghdú ar thomhaltas sa tréimhse imscrúdúcháin ná gur líon na húsáideoirí a gcuid stoc le snátha snáithín gloine na Síne in 2022 agus, dá bhrí sin, gur chruthaigh siad níos lú éilimh sa tréimhse imscrúdúcháin. Chuir na gearánaigh tuarascálacha inmheánacha agus miontuairiscí cruinnithe isteach chun a thaispeáint go raibh stoic arda á gcarnadh ag go leor dá gcustaiméirí san Aontas agus lasmuigh den Aontas in 2022 agus tháinig drogall orthu foinsiú ó thionscal an Aontais in 2023 nuair a tháinig laghdú ar an éileamh. Ní dhearna aon pháirtí trácht ar an ráiteas sin ná níor cheistigh siad an stoc-charnadh seo. Thairis sin, mar gheall ar chomhar íseal tháirgeoirí onnmhairiúcháin de chuid na Síne mar aon le comhar réasúnta íseal úsáideoirí, ní rabhthas in ann tuilleadh anailíse a dhéanamh ar shaincheist an stoc-charntha. Mheas an Coimisiún nach féidir anailís ar leithligh a dhéanamh ar na díolacháin in 2022 agus 2023. Ba é [62 000 – 73 000] tona meán an tomhaltais in 2022 agus sa tréimhse imscrúdúcháin, atá mar leanúint dhíreach ar an treocht ó 2020 agus 2021.

(204) I gcomhthéacs an laghdaithe ar thomhaltas le linn na tréimhse imscrúdúcháin, tháinig laghdú nach beag ar an meánphraghas allmhairiúcháin ón tSín le linn na tréimhse imscrúdúcháin, rud a chuir brú praghsanna ar an margadh. De réir mar a lean costas táirgthe thionscal an Aontais de bheith ag méadú le linn na tréimhse imscrúdúcháin, bhí cleachtais phraghsála na Síne an-díobhálach an bhliain sin toisc gur chuir siad cosc ar thionscal an Aontais a gcostais mhéadaitheacha a chumhdach. Ina ionad sin, b'éigean dóibh a bpraghsanna a laghdú faoi bhun a gcostas. Ina theannta sin, mar a mhínítear in aithris (220) thíos, scaip costais arda sheasta thionscal an Aontais thar mhéideanna díolacháin níos ísle, rud a d'fhág go raibh caillteanais mhóra airgeadais ann le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

5.2. **Éifeachtaí tosca eile**

5.2.1. *Allmhairí ó thríú tíortha*

(205) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar an méid allmhairí ó thríú tíortha eile le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 12

Allmhairí ó thríú tíortha

Tír		2020	2021	2022	An tréimhse imscrúdúcháin
an Téaváin	Méid (tonaí)	7 821	10 725	17 713	6 702
	Innéacs	100	137	226	86
	Sciar den mhargadh	14 %	16 %	20 %	14 %
	Meánphraghas (EUR/tona)	1 594	1 841	2 421	1 954
	Innéacs	100	115	152	123
Meicsiceo	Méid (tonaí)	3 446	4 194	6 504	1 715
	Innéacs	100	122	189	50
	Sciar den mhargadh	6 %	6 %	7 %	4 %
	Meánphraghas (EUR/tona)	1 615	1 839	2 641	2 814
	Innéacs	100	114	164	174
Iomlán na dtríú tíortha seachas an tSín	Méid (tonaí)	19 574	26 114	32 499	12 938
	Innéacs	100	133	166	66
	Sciar den mhargadh	36 %	40 %	36 %	28 %
	Meánphraghas (EUR/tona)	2 338	2 722	3 579	5 121
	Innéacs	100	116	153	219

Foinse: Eurostat agus sonraí breise arna soláthar ag na húdaráis chustaim náisiúnta.

(206) Tháinig méadú suntasach ar allmhairí ón Téaváin ó 11 000 tona in 2021 go 18 000 tona in 2022. Mar sin féin, cé go raibh praghas allmhairiúcháin na Síne, is é sin 2 163 EUR/tona in 2022 agus 1 720 EUR/tona le linn na tréimhse imscrúdúcháin, i bhfad níos ísle ná praghas thionscal an Aontais, is é sin 2 443 in 2022 agus 2 226 EUR/tona le linn na tréimhse imscrúdúcháin, ní raibh praghas na Téaváine, is é sin 2 421 EUR/tona in 2022 agus 1 954 EUR/tona, ach beagán níos ísle ná praghas thionscal an Aontais agus bhí sé i bhfad os cionn phraghas na Síne. Ina theannta sin, ní raibh i gceist leis na honnmhairí ón Téaváin thar an tréimhse 2 bhliain 2022 go 2023 ach thart ar leath de mhéid iomlán onnmhairí na Síne.

(207) Dá bhrí sin, níor mheas an Coimisiún go raibh na hallmhairí ón Téaváin ina bhfachtóir rannchuidithe a d'fhéadfadh an nasc cúisíoch idir onnmhairí na Síne agus an díobháil a mhaolú.

(208) Tháinig laghdú suntasach ar allmhairí ó Mheicsiceo agus ó thríú tíortha eile le linn na tréimhse faoi bhreathnú agus go háirithe sa tréimhse imscrúdúcháin.

(209) Dá bhrí sin, níor mheas an Coimisiún go raibh na hallmhairí ó Mheicsiceo nó ó thríú tíortha eile ina bhfachtóir rannchuidithe a d'fhéadfadh an nasc cúisíoch idir onnmhairí na Síne agus an díobháil a mhaolú. Chomh maith leis sin, ar bhonn carnach léiríonn allmhairí ó gach tríú tír lena n-áirítear an Téaváin laghdú le linn na tréimhse faoi bhreathnú agus níor chuir siad leis an díobháil.

5.2.2. *Feidhmíocht onnmhairiúcháin thionscal an Aontais*

(210) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar an méid onnmhairí ó tháirgeoirí an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 13

Feidhmíocht onnmhairiúcháin na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas

	2020	2021	2022	An tréimhse imscrúdúcháin
An méid onnmhairí (tonaí)	[12 000 – 13 000]	[10 000 – 11 000]	[9 000 – 10 000]	[6 000 – 7 000]
Innéacs	100	87	79	54
Meánphraghas (EUR/tona)	[1 550 – 1 600]	[1 700 – 1 750]	[2 650 – 2 700]	[2 340 – 2 390]
Innéacs	100	109	171	150

Foinse: freagraí fíoraithe ar an gceistneoir.

(211) Tháinig laghdú 48 % ar mhéid na n-onnmhairí le linn na tréimhse faoi bhreathnú. D'fhan an meánphraghas onnmhairiúcháin os cionn an chostais táirgthe le linn na tréimhse ar fad faoi bhreathnú. Dá bhrí sin, thángamar ar an gconclúid nár chuir na honnmhairí leis an díobháil.

5.2.3. *Tomhaltas*

(212) Tháinig laghdú substaintiúil ar an tomhaltas le linn na tréimhse imscrúdúcháin ó [85 000 – 95 000] tona in 2022 go [40 000 – 50 000] tona le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Mar sin féin, léiríonn comparáid leis an mbliain 2020, ina raibh an tomhaltas i bhfad níos ísle freisin ag [50 000 – 60 000] tona, go raibh tionscal an Aontais in ann méid leordhóthanach a dhíol ar leibhéal praghsanna ard go leor le bheith brabúsach, fad is nach raibh ach sciar 19 % den mhargadh ag allmhairí na Síne. Dá bhrí sin, ní toisc ar leith é an laghdú ar thomhaltas a mhaolaigh an nasc cúisíoch idir allmhairí na Síne agus an díobháil do thionscal an Aontais. Os a choinne sin, chuir an tomhaltas ard in 2022 moill ar éifeacht dhíobhálach allmhairí na Síne, a ghlac sciar ard den mhargadh cheana féin an bhliain sin.

(213) Dá bhrí sin, níor mhaolaigh an laghdú ar thomhaltas an nasc cúisíoch idir allmhairí na Síne agus an díobháil.

5.2.4. *Úsáid faoi chuing*

(214) Tá úsáid faoi chuing an-suntasach ag tionscal an Aontais i ndáil le snáth snáithín gloine arb ionann agus thart ar dhá thrian dá tháirgeacht iomlán. Mar sin féin, tá snáth snáithín gloine a úsáidtear faoi chuing níos saoire le táirgeadh agus gineadh brabús leo sa mhargadh iartheachtach sa tréimhse imscrúdúcháin. Níor laghdaigh táirgeoirí an Aontais a ndíolacháin snátha snáithín gloine sa tréimhse imscrúdúcháin i bhfabhar úsáide faoi chuing, rud a léirítear leis an bhfíoras gur tháinig laghdú freisin ar mhéid snátha snáithín gloine a úsáideadh faoi chuing sa tréimhse imscrúdúcháin. Dá bhrí sin, níor chuir sé seo leis an díobháil.

5.2.5. *Méadú ar chostas táirgthe*

Costas aonaid an táirgthe (EUR/tona)	[1 190 – 1 240]	[1 300 – 1 350]	[1 800 – 1 850]	[2 280 – 2 330]
Innéacs	100	110	151	191

(215) Tháinig méadú substaintiúil ar chostas táirgthe thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú ó [1 190 – 1 240] EUR/tona in 2020 go [2 280 – 2 330] EUR/tona le linn na tréimhse imscrúdúcháin, arb é is cúis le méadú foriomlán 91 %. Is é is cúis leis an méadú sin méadú ar phraghsanna fuinnimh agus amhábhar, chomh maith le méadú ar na costais sheasta in aghaidh an tona arna dtáirgeadh, mar gheall ar na méideanna níos ísle arna dtáirgeadh sa tréimhse imscrúdúcháin.

(216) Go ginearálta, tarlaíonn méaduithe ar an gcostas táirgthe go rialta agus, faoi dhálaí margaidh córa, cuirtear san áireamh iad agus na praghsanna díola á socrú. Rinne an Coimisiún anailís féachaint an ann d'aon toisc nach féidir a mheas a bheith fritháirithe le méaduithe praghais ar phraghas díola snátha snáithín gloine faoi dhálaí margaidh córa.

(217) Ó 2021 go 2022 bhí méadú substaintiúil tagtha cheana féin ar an gcostas táirgthe ó [1 300 – 1 350] EUR/tona in 2020 go [1 800 – 1 850] EUR/tona, ar mhéadú 37 % é sin. Mar gheall ar an éileamh ard in 2022, áfach, d'fhéadfadh tionscal an Aontais méid a dhíol nár athraigh go substaintiúil ón mbliain roimhe sin agus na praghsanna a shocrú ar leibhéal a lig dóibh leanúint de bheith brabúsach. Léiríonn sé sin go raibh custaiméirí in ann méaduithe praghais arda a ionsú, fad is a bhí éileamh ann.

(218) Ó 2022 go dtí an tréimhse imscrúdúcháin tháinig méadú 27 % ar an gcostas táirgthe. Sa tréimhse imscrúdúcháin, áfach, tháinig laghdú suntasach ar an éileamh. Thairis sin, mar a léirítear le Tábla 4, tháinig laghdú nach beag (20 %) ar phraghsanna Síneacha a bhí ag méadú le linn na chéad 3 bliana den tréimhse faoi bhreathnú. Dá bhrí sin, ní raibh tionscal an Aontais in ann méaduithe ar phraghsanna a chaibidliú, ach bhí ar an tionscal a bpraghsanna díola a laghdú faoi bhun a gcostas.

(219) Is féidir méaduithe ar chostas táirgthe thionscal an Aontais a dheighilt ina dtrí chatagóir.

(220) Ar an gcéad dul síos, mar gheall ar an méid níos ísle de shnátha snáithín gloine a díoladh sa tréimhse imscrúdúcháin, ós rud é gur dáileadh na costas seasta ar bhonn níos lú, b'ann do mhéadú ar na chostais seasta in aghaidh an tona arna tháirgeadh. Is toradh díreach é an méadú sin ar thionscal na Síne sciartha den mhargadh a ghabháil agus ar an méid níos ísle arna dhíol ag tionscal an Aontais dá bharr. Chun an méadú sin ar chostais táirgthe a lua mar fhachtóir ar leith a chuireann leis an díobháil, thiocfadh sé salach ar an bhfíoras gur toradh díreach é ar iomaíocht éagórach ar phraghas íseal ó onnmhaireoirí na Síne. Níor cheart, dá bhrí sin, déileáil leis mar fhachtóir ar leith a chuireann leis an díobháil.

(221) Ar an dara dul síos, tá méadú suntasach tagtha ar roinnt praghsanna amhábhar sa tréimhse imscrúdúcháin. Tá méadú suntasach tagtha ar amhábhair thábhachtacha amhail cólmainít agus aolchloch, i gcomparáid le hamhábhair eile nach bhfuil iontu ach cion níos lú de na costais amhábhar. Mar sin féin, déantar na hamhábhair sin a allmhairiú ón margadh idirnáisiúnta den chuid is mó agus baineann na méaduithe praghais sin le gach táirgeoir a oibríonn i margaí neamhshaofa agus ní mór dóibh na méaduithe sin a chur ar aghaidh chuig a gcustaiméirí. Mar shampla, in 2022 ba iad Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha, an tSeapáin, an Mhalaeisia, Vítneam agus Óman na honnmhaireoirí aolchloiche ba mhó. Dá bhrí sin, níor chuir an méadú ar phraghas an amhábhair leis an díobháil ar bhealach nach ndéanfaí a fhrithchothromú le méaduithe ar phraghas snátha snáithín gloine faoi dhálaí margaidh córa.

(222) Ar an tríú dul síos, chuir na praghsanna fuinnimh leis an méadú ar chostas táirgthe. Mar sin féin, ní rud ar leith é seo sa tréimhse imscrúdúcháin. Cheana féin in 2022, bhí méadú suntasach tagtha ar phraghsanna fuinnimh. Sa Laitvia, tháinig laghdú ar an meánphraghas leictreachais sa tréimhse imscrúdúcháin fiú i gcomparáid le 2022 ([57]). Dá bhrí sin, níor chuir an méadú ar phraghsanna fuinnimh leis an díobháil ar bhealach nach ndéanfaí a fhrithchothromú le méaduithe ar phraghas snátha snáithín gloine faoi dhálaí margaidh córa.

([57]) https://www.ast.lv/en/electricity-market-review?month=13&year=2023.

(223) Ní fachtóir ar leith a dhéanann díobháil é méadú ar chostas táirgthe. Ní dhéanann méadú ar chostais táirgthe díobháil ach amháin mura féidir le praghsanna díola snátha snáithín gloine an méadú sin a léiriú. Mar sin féin, tá an brú ar na praghsanna díola nasctha go díreach leis na hallmhairí dumpáilte ón tSín le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(224) Ina theannta sin, léiríonn an staid in 2022, faoi dhálaí margaidh córa, nuair nár bhain caillteanas i méid na ndíolachán do thionscal an Aontais mar thoradh ar onnmhairí na Síne ar phraghsanna níos ísle, go raibh tionscal an Aontais in ann an méadú ar chostas a chur ar aghaidh chuig a gcustaiméirí, fiú nuair a bhí an méadú sin chomh hard le 37 %. Dá bhrí sin, murach allmhairí ar phraghas íseal agus dumpáilte ón tSín le linn na tréimhse imscrúdúcháin, bheadh tionscal an Aontais in ann, mar a breathnaíodh sna blianta roimhe sin den tréimhse faoi bhreathnú, a phraghsanna a mhéadú chun an méadú breise ar a chostais a léiriú. Mar sin féin, bhí praghsanna na Síne sa tréimhse imscrúdúcháin fiú faoi bhun chostais táirgthe thionscal an Aontais.

(225) Léiríonn sé sin nár mhaolaigh an méadú ar chostais táirgthe sa tréimhse imscrúdúcháin an nasc cúisíoch idir na hallmhairí dumpáilte ón tSín agus an díobháil.

5.3. **Conclúid maidir le cúisíocht**

(226) Bhí comhtharlú ama idir an méadú suntasach ar allmhairí na Síne agus an meathlú ar staid thionscal an Aontais. Cé nár léiríodh an díobháil roimh an tréimhse imscrúdúcháin mar gheall ar an éileamh ard, choinnigh allmhairí na Síne an sciar ard den mhargadh sa tréimhse imscrúdúcháin, rud a rinne díobháil do mhéideanna agus a chur brú ar phraghsanna.

(227) Rinne an Coimisiún imscrúdú freisin ar thosca eile díobhála agus níor aimsigh sé aon tosca eile a chuir leis an díobháil ábhartha a bhain do thionscal an Aontais. Go deimhin, níor chaith aon cheann de na tosca eile a scrúdaíodh, ina n-aonar ná i dteannta a chéile, amhras ar an bhfíorcheangal substaintiúil idir na hallmhairí dumpáilte ón tSín agus an díobháil ábhartha a bhain do thionscal an Aontais.

6. **LEIBHÉAL NA mBEART**

(228) Chun leibhéal na mbeart a chinneadh, scrúdaigh an Coimisiún ar leor dleacht is lú ná an corrlach dumpála chun deireadh a chur leis an díobháil do thionscal an Aontais de dheasca allmhairí dumpáilte.

6.1. **Corrlach díobhála**

(229) Thiocfadh deireadh leis an díobháil dá bhféadfadh tionscal an Aontais spriocbhrabús a bhaint amach trí dhíol ar spriocphraghas de réir bhrí Airteagal 7(2c) agus Airteagal 7(2d) den bhun-Rialachán.

(230) I gcomhréir le hAirteagal 7(2c) den bhun-Rialachán, chun an spriocbhrabús a shocrú, chuir an Coimisiún na tosca seo a leanas san áireamh: leibhéal na brabúsachta roimh an méadú ar allmhairí ón tír lena mbaineann, leibhéal na brabúsachta is gá chun costais agus infheistíochtaí iomlána a chumhdach, taighde agus forbairt (T&F) agus nuálaíocht, agus leibhéal na brabúsachta a mbeadh coinne leis faoi ghnáthdhálaí iomaíochta. Níor cheart an corrlach brabúis sin a bheith níos ísle ná 6 %.

(231) I dtús báire, bhunaigh an Coimisiún bunbhrabús a chumhdaigh na costais iomlána sna gnáthdhálaí iomaíochta.

(232) Thug an gearánach le fios sa ghearán go léireodh leibhéal brabúis 20 % ar a laghad leibhéal brabúis thionscal an Aontais faoi ghnáthdhálaí margaidh, bunaithe ar a fheidhmíocht roimhe sin. Chuir an gearánach i dtábhacht freisin gur tionscal an-dian ar chaipiteal é an tionscal snátha snáithín gloine agus go raibh gá le leibhéil arda bhrabúis chun cothabháil agus uasghrádú tréimhsiúil na bhfoirnéisí agus na hinfheistíochtaí in T&F a áirithiú.

(233) Mheas an Coimisiún nach gcáileodh aon cheann de na blianta le linn na tréimhse faoi imscrúdú mar cheann ionadaíoch chun bunbhrabús a sholáthar i gcomhréir le hAirteagal 7(2c) den bhun-Rialachán.

(234) In 2020 agus 2021, na blianta roimh an méadú géar ar an sciar den mhargadh a bhí ag allmhairí na Síne, bhain tionscal an Aontais amach brabúsacht [13 % - 17 %]. Mar sin féin, bhí tionchar ag imthosca eisceachtúla dhianghlasáil COVID-19 agus ag an laghdú ar shreafaí trádála idirnáisiúnta ar an dá bhliain sin. Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach bhféadfaí a mheas go bhfuil an leibhéal brabúsachta a baineadh amach sna blianta sin ionadaíoch ar ghnáthdhálaí iomaíochta.

(235) Bliain eisceachtúil a bhí sa bhliain 2022, agus tháinig borradh faoi thomhaltas snátha snáithín gloine i margadh an Aontais, rud a d'fhág gur tháinig méadú ar sciar den mhargadh a bhí ag allmhairí na Síne agus ar mhéideanna díolacháin tháirgeoirí an Aontais, a d'fhéadfadh a mbrabúsacht a choinneáil ar bun agus a mhéadú fiú.

(236) Ar an mbonn sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach gcáileodh 2022 mar bhliain ionadaíoch chun bunbhrabús a sholáthar i gcomhréir le hAirteagal 7(2c) den bhun-Rialachán.

(237) Agus é ar thóir tréimhse ina mbeadh gnáthdhálaí iomaíochta i réim, scrúdaigh an Coimisiún an bhrabúsacht a baineadh amach le linn na 5 bliana roimh an tréimhse faoi bhreathnú agus ríomh sé an mheánbhrabúsacht a bhain an dá tháirgeoir de chuid an Aontais amach ó 2015 go 2019.

(238) Socraíodh an corrlach brabúis sin ag 20,7 %.

(239) Mhaígh tionscal an Aontais go mbeadh a leibhéal infheistíochtaí, taighde agus forbartha (T&F) agus nuálaíochta le linn na tréimhse faoi bhreathnú ní b'airde faoi ghnáthdhálaí iomaíochta. Mar sin féin, ní raibh bunús leordhóthanach leis na maímh sin agus dá bhrí sin tugadh neamhaird orthu agus an spriocbhrabús á ríomh.

(240) I gcomhréir le hAirteagal 7(2d) den bhun-Rialachán, mar chéim chríochnaitheach, rinne an Coimisiún measúnú ar na costais amach anseo a eascróidh as Comhaontuithe Iltaobhacha Comhshaoil, agus prótacail fúthu, ar páirtí iontu an tAontas, agus Coinbhinsiúin EIS a liostaítear in Iarscríbhinn Ia, costais a thabhóidh tionscal an Aontais le linn thréimhse chur i bhfeidhm an bhirt de bhun Airteagal 11(2). Mheas an Coimisiún nár sholáthair táirgeoirí an Aontais fianaise leordhóthanach a bhain leis na costais sin agus, dá bhrí sin, níor cuireadh san áireamh iad agus an praghas neamhdhíobhálach á ríomh.

(241) Ar an mbonn sin, ríomh an Coimisiún praghas neamhdhíobhálach EUR [3 600 – 4 600] do tháirge comhchosúil thionscal an Aontais tríd an gcorrlach spriocbhrabúis a léirítear in aithris (238) a chur i bhfeidhm ar chostas táirgthe tháirgeoirí an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Ní dhearnadh aon choigeartú faoi Airteagal 7(2d).

(242) Ansin chinn an Coimisiún leibhéal an chorrlaigh díobhála ar bhonn comparáid idir an meánphraghas allmhairiúcháin ualaithe atá ag an táirgeoir onnmhairiúcháin comhoibríoch Henan Guangyuan sa tSín, mar a suíodh i leith ríomhanna sladghearrtha praghais, agus meánphraghas ualaithe neamhdhíobhálach an táirge chomhchosúil arna dhíol ag táirgeoirí an Aontais ar mhargadh an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Léiríodh aon difríocht a d'eascair ón gcomparáid sin mar chéatadán den mheánluach ualaithe CAL ar allmhairiú.

Cuideachta	Corrlach dumpála	Corrlach díobhála
Henan Guangyuan	26,3 %	129,9 %
Na hallmhairí uile eile de thionscnamh na Síne	56,1 %	182,2 %

6.2. **Conclúid maidir le leibhéal na mbeart**

(243) De réir an mheasúnaithe thuas, is mar a leanas ba cheart dleachtanna frithdhumpála sealadacha a shocrú i gcomhréir le hAirteagal 7(2) den bhun-Rialachán:

Cuideachta	Dleacht frithdhumpála shealadach
Henan Guangyuan	26,3 %
Na hallmhairí uile eile de thionscnamh na Síne	56,1 %

7. **LEAS AN AONTAIS**

(244) Tar éis dó a chinneadh Airteagal 7(2) den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm, scrúdaigh an Coimisiún an bhféadfadh sé a chinneadh nach raibh sé chun leas an Aontais bearta sealadacha a ghlacadh sa chás seo, d'ainneoin an chinnidh maidir le dumpáil dhíobhálach, i gcomhréir le hAirteagal 21 den bhun-Rialachán. Cinneadh leas an Aontais agus aird á tabhairt ar leasanna na bpáirtithe éagsúla uile lena mbaineann, lena n-áirítear leasanna thionscal an Aontais, na n-allmhaireoirí agus na n-úsáideoirí.

7.1. **Leas thionscal an Aontais**

(245) Bunaithe ar an anailís thuas, is chun leas thionscal snátha snáithín gloine an Aontais é bearta sealadacha a fhorchur. In éagmais na mbeart, leanfaidh táirgeoirí de chuid na Síne de shnáth snáithín gloine a onnmhairiú ar phraghsanna ísle ar mhargadh an Aontais agus brú praghsanna a chur orthu, rud a chuirfidh cosc ar thionscal an Aontais snátha snáithín gloine a dhíol ar bhrabús leordhóthanach agus na sciartha den mhargadh a chaill siad a fháil ar ais.

7.2. **Allmhaireoirí neamhchomhlachaithe a shampláil**

(246) Chuir allmhaireoir amháin, a cheannaíonn an táirge faoi imscrúdú ón tSín, freagra ar an gceistneoir ar fáil. Ó na sonraí a cuireadh ar fáil, tuigeann an Coimisiún gur cosúil go bhfuil an t-allmhaireoir ag oibriú le corrlach brabúis seasta. Níor chuir an t-allmhaireoir aon argóintí ar aghaidh go fóill. Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach bhfuil aon chúis láidir ann gan bearta sealadacha a fhorchur.

7.3. **Leas na n-úsáideoirí**

(247) Táirgeann úsáideoirí fabraicí do raon leathan táirgí tionsclaíocha, lena n-áirítear tuirbíní gaoithe, tógáil, aonrú, nó ábhair eitlíochta.

(248) Chuir trí úsáideoir, agus thart ar 10 % de shnáth snáithín gloine a allmhairíodh ón tSín sa tréimhse imscrúdúcháin á gceannach acu le chéile, freagraí ar an gceistneoir ar fáil. Léiríonn a gcuid sonraí nár cheart go mbeadh tionchar suntasach ag na bearta ar dhá cheann de na húsáideoirí, toisc nach n-úsáideann siad ach céatadán beag den táirge atá faoi imscrúdú ón tSín nó nach bhfuil sa táirge faoi imscrúdú ach céatadán beag dá gcostais táirgthe agus nár cheart go gcuirfeadh aon dleacht brabúsacht na cuideachta i mbaol. Ina theannta sin, dealraíonn sé, d'ainneoin na méaduithe substaintiúla ar phraghsanna an táirge faoi imscrúdú sna blianta roimh an tréimhse imscrúdúcháin, go bhféadfadh na húsáideoirí leanúint de bheith brabúsach sa tréimhse imscrúdúcháin. Maidir le húsáideoir amháin, a cheannaigh formhór a shnátha snáithín gloine ón tSín agus a bhfuil brabúsacht íseal aige faoi láthair, ní féidir a chur as an áireamh go bhféadfadh tionchar a bheith ag na dleachtanna ar a bhrabúsacht. I bhfianaise rannpháirtíocht íseal na n-úsáideoirí, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach bhfuil an t-úsáideoir deireanach ionadaíoch do na húsáideoirí.

(249) Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach bhfuil aon chúis láidir ann gan bearta sealadacha a fhorchur.

7.4. **An chonclúid maidir le leas an Aontais**

(250) Ar bhonn a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nár ann d'aon chúis láidir nach mbeadh sé chun leas an Aontais bearta sealadacha a fhorchur ar allmhairí snátha snáithín gloine de thionscnamh na Síne le linn na céime seo den imscrúdú.

8. **BEARTA FRITHDHUMPÁLA SEALADACHA**

(251) Ar bhonn na gconclúidí ar tháinig an Coimisiún orthu maidir le dumpáil, díobháil, cúisíocht, leibhéal na mbeart agus leas an Aontais, ba cheart bearta sealadacha a fhorchur chun cosc a chur le tuilleadh díobhála do thionscal an Aontais de dheasca na n-allmhairí dumpáilte.

(252) Ba cheart bearta frithdhumpála sealadacha a fhorchur ar allmhairí snátha snáithín gloine de thionscnamh na Síne, i gcomhréir le riail na dleachta is lú in Airteagal 7(2) den bhun-Rialachán. Is ar leibhéal an chorrlaigh dumpála nó an chorrlaigh díobhála, cibé acu luach ab ísle, a socraíodh méid na ndleachtanna.

(253) I bhfianaise a bhfuil thuas ba cheart na dleachtrátaí frithdhumpála sealadacha, arna sloinneadh ar phraghas CAL ag teorainn an Aontais, roimh an dleacht chustaim a íoc, a bheith mar a leanas:

Cuideachta	Dleacht frithdhumpála shealadach
Henan Guangyuan New Material Co., Ltd.	26,3 %
Na hallmhairí uile eile de thionscnamh na Síne	56,1 %

(254) An dleachtráta frithdhumpála le haghaidh cuideachtaí aonair a shonraítear sa Rialachán seo, bunaíodh é ar bhonn thorthaí an imscrúdaithe seo. Dá bhrí sin, is léiriú é ar an staid mar a suíodh le linn an imscrúdaithe seo maidir leis an gcuideachta sin. Tá na dleachtrátaí sin infheidhme go heisiach maidir le hallmhairí an táirge lena mbaineann de thionscnamh na tíre lena mbaineann agus arna tháirgeadh ag an eintiteas dlítheanach ainmnithe. Maidir le hallmhairí an táirge lena mbaineann arna dtáirgeadh ag aon chuideachta eile nach luaitear go sonrach i gcuid oibríochtúil an Rialacháin seo, lena n-áirítear eintitis atá comhlachaithe leo siúd a luaitear go sonrach, ba cheart iad a bheith faoi réir an dleachtráta is infheidhme maidir le 'gach allmhaire eile de thionscnamh na Síne'. Níor cheart iad a bheith faoi réir aon cheann de na dleachtrátaí frithdhumpála aonair.

(255) Chun na rioscaí maidir le himchéimniú a íoslaghdú de bharr na difríochta i ndleachtrátaí, teastaíonn bearta speisialta chun cur i bhfeidhm na ndleachtanna frithdhumpála aonair a áirithiú. Níl cur i bhfeidhm dleachtanna frithdhumpála aonair infheidhme ach amháin nuair a thaispeántar sonrasc tráchtála bailí d'údaráis chustaim na mBallstát. Ní mór an sonrasc a bheith i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 1(3) den Rialachán seo. Go dtí go gcuirtear sonrasc den sórt sin i láthair, ba cheart allmhairí a bheith faoi réir na dleachta frithdhumpála is infheidhme maidir le 'gach allmhaire eile de thionscnamh na Síne'.

(256) Cé go bhfuil sé riachtanach an sonrasc sin a chur i láthair údaráis chustaim na mBallstát chun na dleachtrátaí frithdhumpála aonair a chur i bhfeidhm maidir le hallmhairí, ní hé an t-aon ghné é a chuirfidh na húdaráis chustaim san áireamh. Go deimhin, fiú má thugtar sonrasc d'údaráis chustaim na mBallstát a chomhlíonann na ceanglais uile a leagtar amach in Airteagal 1(3) den Rialachán seo, ní mór dóibh a ngnáthsheiceálacha a dhéanamh agus féadfaidh siad, mar atá i ngach cás eile, doiciméid bhreise a éileamh (doiciméid loingseoireachta, etc.) chun cruinneas na sonraí atá sa dearbhú a fhíorú agus chun a áirithiú go mbeidh údar le cur i bhfeidhm an ráta níos ísle dleachta ina dhiaidh sin, i gcomhréir leis an dlí custaim.

(257) Má thagann méadú suntasach ar an méid onnmhairí a dhéanann ceann de na cuideachtaí a thairbhíonn de na dleachtrátaí aonair is ísle tar éis fhorchur na mbeart lena mbaineann, d'fhéadfaí a mheas gurb éard atá i méadú den sórt sin ann féin athrú ar an bpatrún trádála de bharr fhorchur na mbeart de réir bhrí Airteagal 13(1) den bhun-Rialachán. Sna himthosca sin agus ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha, féadfar imscrúdú frith-imchéimniúcháin a thionscnamh. Féadfar scrúdú a dhéanamh san imscrúdú sin, *inter alia*, ar an ngá atá le deireadh a chur le dleachtráta(í) aonair agus ar an ngá le dleacht ar an leibhéal náisiúnta a fhorchur dá bharr sin.

9. **FÁISNÉIS AG AN gCÉIM SHEALADACH**

(258) I gcomhréir le hAirteagal 19a den bhun-Rialachán, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara ar an eolas faoi fhorchur beartaithe na ndleachtanna sealadacha. Cuireadh an fhaisnéis sin ar fáil don phobal i gcoitinne freisin trí shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht na Trádála. Tugadh 3 lá oibre do na páirtithe leasmhara chun barúlacha a thabhairt maidir le cruinneas na ríomhanna a nochtadh go sonrach dóibh.

(259) Ní bhfuarthas aon bharúil maidir le cruinneas na ríomhanna.

10. **FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA**

(260) Ar mhaithe leis an dea-riarachán, iarrfaidh an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara barúlacha a chur isteach i scríbhinn agus/nó éisteacht a iarraidh leis an gCoimisiún agus/nó leis an Oifigeach Éisteachta i gcomhair imeachtaí trádála laistigh de sprioc-am seasta.

(261) Is torthaí sealadacha iad na torthaí maidir le forchur na ndleachtanna sealadacha, agus féadfar iad a leasú ag céim chinntitheach an imscrúdaithe,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Forchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí snátha snáithín gloine, bíodh sé casta nó ná bíodh, seachas slisní snáithín gloine, cordaí snáithín gloine agus duail mhionghearrtha, atá faoi láthair faoi chóid AC ex 7019 13 00 agus ex 7019 19 00 (Cóid TARIC 7019 13 00 10, 7019 13 00 15, 7019 13 00 20, 7019 13 00 25, 7019 13 00 30, 7019 13 00 50, 7019 13 00 87, 7019 13 00 94, 7019 19 00 30, 7019 19 00 85) agus ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne é.

2. Is mar a leanas a bheidh an dleachtráta frithdhumpála sealadach is infheidhme maidir leis an bpraghas glan, saor ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht, atá ar an táirge a bhfuil tuairisc air i mír 1 agus arna tháirgeadh ag na cuideachtaí a liostaítear thíos:

Cuideachta	Dleacht frithdhumpála shealadach	Cód breise TARIC
Henan Guangyuan New Material Co., Ltd.	26,3 %	89FV
Na hallmhairí uile eile de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne	56,1 %	8 999

3. Beidh cur i bhfeidhm na ndleachtrátaí aonair a sonraíodh le haghaidh na gcuideachtaí a luaitear i mír 2 coinníollach ar shonrasc tráchtála bailí a chur faoi bhráid údaráis chustaim na mBallstát, ar a mbeidh dearbhú arna dhátú agus arna shíniú ag oifigeach de chuid an eintitis ag a mbeidh an sonrasc sin á eisiúint, a shainaithneofar lena ainm agus lena fheidhm, arna dhréachtú mar a leanas: 'Déanaimse, mise a bhfuil mo shíniú leis seo, a dheimhniú maidir le (méid) (an táirge lena mbaineann) a díoladh lena onnmhairiú chuig an Aontas Eorpach agus a chumhdaítear leis an sonrasc seo, gurbh é (ainm agus seoladh na cuideachta) (cód breise TARIC) a mhonaraigh é in [an tír lena mbaineann]. Dearbhaím gur iomlán agus gur ceart an fhaisnéis sa sonrasc seo.' Go dtí go dtíolactar an sonrasc sin, beidh feidhm ag an dleacht is infheidhme maidir le gach cuideachta eile.

4. An táirge dá dtagraítear i mír 1, beidh a scaoileadh chun saorchúrsaíochta san Aontas faoi réir taisce ráthaíochta a sholáthar a bheidh comhionann le méid na dleachta sealadaí.

5. Mura sonraítear a mhalairt, beidh feidhm leis na forálacha atá i bhfeidhm maidir le dleachtanna custaim.

Airteagal 2

1. Cuirfidh páirtithe leasmhara a gcuid barúlacha i scríbhinn maidir leis an Rialachán seo faoi bhráid an Choimisiúin laistigh de 15 lá féilire tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

2. Maidir leis na páirtithe leasmhara ar mian leo éisteacht leis an gCoimisiún a iarraidh, déanfaidh siad amhlaidh laistigh de 5 lá féilire tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

3. Más mian le páirtithe leasmhara éisteacht a iarraidh leis an Oifigeach Éisteachta i gcomhair imeachtaí trádála, iarrtar orthu déanamh amhlaidh laistigh de 5 lá féilire tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. Féadfaidh an tOifigeach Éisteachta scrúdú a dhéanamh ar iarrataí a chuirtear isteach lasmuigh den teorainn ama sin agus cinneadh a dhéanamh ar cheart glacadh leis na hiarrataí sin más iomchuí.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag Airteagal 1 ar feadh tréimhse 6 mhí.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 11 Deireadh Fómhair 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN